

# PLÉARÁCA

Foilsithe ag Pléaráca Teo ar ócáid na Féile

07

€4

Cuimhní Cinn

Comharchumann Forbartha Árann

Mná Fiontracha Inis Mór

Pobal Nua

Comhdháil na nOileán

Clár na Féile

Ealaín in Árann

Aistear Ceilteach

# RTÉ RAIDÍO NA GAELTACHTA

www.rte.ie/rnag

92 - 94 FM & 102.7FM

## Buíochas

### Eagarthóir:

Peigí Ní Chonghaile

### Fógraíocht:

Meta Uí Mháille

Bairbre Mhic Cearáin

### Buíochas:

Tá an t-eagarthóir buíoch do na daoine seo a thug cúnamh leis an ábhar a bhailiú agus a réiteach chomh maith le piosaí a scríobh don iris: Meta Uí Mháille, Majella Ní Chríocháin, Kathy Ní Ghoill, Maeve Uí Fhlaithearta, do Mhattie Ó Níaidh, Kate Fitz, Sirpa Ruopsalainen, Jovita Preikstaide, Balzena Varechova, Mariusz Tietrzak agus PJ Ó Flaithearta as ucht agallaimh a dhéanamh.

Buíochas do gach duine a thug grianghraif

Do Mhairéad Ní Chonaire a rinne an leagan amach shlachtmhar ar an iris agus ar Chlár na Féile.

Do Mhicheál ó Braonáin agus foireann Chlóidóirí Lurgan.

Sí an t-eagarthóir atá freagrach as aon bhotún. Ní gá gur ioriann tuairimí atá nochtaithe anseo agus tuairimí Phléaráca Teo.

Táimid fíor bhuíoch do na fógróirí. Is fiú tacaíocht a thabhairt dóibh.

### Coiste Oibre na Féile:

Cyril Ó Flaithearta  
Fionnuala Ní Iarnáin  
Kathy Ní Ghoill  
Geraldine Ní Ghoill  
Bairbre Mhic Cearáin  
Maeve Uí Fhlaithearta  
An tAth. Ciarán de Bláca  
Jackie Rowntree  
Séamus Jamesie Ó Flaithearta  
Margaret Gill  
Máirtín Ó Coinceanainn  
Teresa Ní Mhiolláin  
Mary Ann Dirrane  
Colette Nic Giolla Dé  
Caitríona Ní Bhuachalla  
Peigí Ní Chonghaile  
Meta Uí Mháille  
Máire Treasa Ní Cheallaigh

Réamonn Ó Mainnín  
Máire Uí Chonaola  
Gearóid Ó Murchú  
Jackie Mac Donncha  
Máire Ní Chualáin  
Mattie Ó Níaidh  
Mairéad Ní Chualáin

### Tá Coiste Oibre na Féile buíoch do na daoine seo leanas a thug cúnamh agus tacaíocht:

Na ceoltóirí, ealaíontóirí agus scríbhneoirí uile atá ag glacadh páirt sa bhféile.

Paddy Quinn & Locho  
Tom Joyce  
Sonaí Choilm Learaí  
Joe Connolly  
Máirtín Tom Sheáinín  
Scoláirí Ghairmscoil Éinne  
Ealaíontóirí Áránn  
Ealaíontóirí Scuab  
Na Bunscoileanna  
Máirtín Jamesie  
Coiste Halla Chill Rónáin  
An Club Óige  
Comharchumann Áránn  
Mary Shannon  
Aonghus Dwane  
Muireann Ní Dhroighneáin  
Marilyn Gaughan  
Sally O'Brien  
Vincent Mc Carron  
Iain Ó Leocháin  
Teresa Ní Mhiolláin  
Deirdre Ní Chinnéide  
Óstán Áránn  
Patricia Ní Fhátarta  
Deirdre Ní Mhaoláin  
Na Crosáin  
Fionnghuala Ní Choinceanainn  
Coiste Halla N. Eoin, Inis Meáin  
Foireann Áras Rónáin  
Colm Ó Méalóid  
Risteard Mac Aodha  
An Spailpín Fánach  
Caomhán Ó Scolaí  
Na Moltóirí

Na tithe Ósta a thug urraíocht agus ar heagraíodh imeachtaí iontu.

Buíochas do Raidió na Gaeltachta as ucht an gcúnamh le poiblíocht

## Clár na hIrise

- 2 Eagarfhocal
- 4 Seal Faoi Dhraíocht in Áráinn  
Meta Uí Mháille
- 8 Cuimhní Cinn  
Meta Uí Mháille
- 11 Comharchumann Forbartha Áránn  
Kathy Ní Ghoill
- 12 Mná Fiontracha Inis Mór  
Maeve Uí Fhlaithearta
- 15 As Cracow go Cill Rónáin  
Peigí Ní Chonghaile
- 18 Clár na Féile
- 20 Imeachtaí na Féile  
Ealaín in Áráinn 2007  
Trathnóna le Chekhov  
Ceiliúradh ar Scríbhneoirí an Oileáin  
Óna hOileáin Siar  
Deirdre Ní Chinnéide ar Aistear Ceilteach  
Imeachtaí don Óige  
Ceoltóirí na Féile
- 30 Comhdháil na nOileán  
Majella Ní Chríocháin
- 39 Clár Oibre Phléaráca Teo.



### An Clúdach:

Bunaithe ar phostaer na Féile a dhear Caomhán Ó Scolaí

## Eagarfhocal

"Bí in Éirinn nó in Árann" - ceann de chuid mhaith seanráitis faoi Árann. Bhuel tá Pléaráca in Árann i mbliana agus an-riméad orainn a bheith ann. Bhíodh roinnt imeachtaí eagraithe in oileáin Árann againn thar na mblianta, is dóigh an ceann is spleodraigh a bhíodh ar bun i gcéad bhlianta na féile, sin é an maratón curach as Conamara isteach chuig na hoileáin. B'iad Guinness a rinne urraíocht ar an imeacht seo agus uair nó dhó tugadh baraille pórtair isteach i gceann de na curachaí. Bhíodh rásaí báid seoil as Ros a Mhíl go hInis Oírr ar feadh roinnt blianta freisin. Bhíodh an bád seoil *An Fámaire* ag taisteal thimpeall chósta Chonamara chomh maith agus grúpa ceoltóirí ar bord agus stopadh siadsan in Árann. Ní raibh an oiread sin imeachtaí dá reachtáil ar na hoileáin le roinnt blianta agus mar sin tá muid thar a bheith bródúil go bhfuil an fhéile go huile agus go hiomlán dá reachtáil ar Inis Mór i mbliana.


Théis féile na bliana seo caite, mheas coiste Phléaráca gur theastaigh athraithe a chur i bhfeidhm ar an bhféile má bhí sé le maireachtáil. Nuair a bunaíodh an fhéile ar dtús i 1991, socraíodh gur ag deireadh an tSamhraidh a chuirfí ar bun é. An bunús a bhí leis seo ná go mbeadh scoláirí Gaeilge agus cuairteoirí an tSamhraidh imithe agus go mbeadh seans ag muintir Chonamara ceiliúradh a dhéanamh ar a gcultúr féin sula dtosódh na trathnóntaí ag éirí dorcha. D'éirigh leis an bhfoirmle seo ar feadh roinnt mhaith blianta. Bhíodh imeachtaí na féile scaipithe ar fud Chonamara, ó Charna go Bearna. Cé go raibh a chuid deacrachtaí féin ag baint leis seo, bhí coiste deonach gníomhach ag an bhféile le ionadaíocht óna ceantair ar fad agus bhí go leor cúnamh ar fáil chomh maith ó oibrithe ar scéimeanna FÁS chun go leor tascanna a dhéanamh ar nós postaeir agus irisí a scaipeadh, airgead a bhailiú ag doirse agus cúnamh a thabhairt maidir le riarachán ag taispeántais agus comórtais. Ach de réir mar a chuaigh na blianta thart tháinig athraithe, rud a tharlaíonn de réir nádúr an tsaoil. Tháinig feabhas ar an saol i gConamara. Eagraíodh i bhfad níos mó féilte ná mar a bhíodh ann roimhe sin, go háirithe féilte bád agus curachaí, chomh maith le féilte sean-nóis, damhsa, óige agus go leor eile. Rud iontach a bhí anseo ach chiallaigh sé dhá ní do Phléaráca.

Daoine a bhíodh gníomhach nó a bheadh ar fáil cheana chun cuidiú le Pléaráca, bhí a gcuid imeachtaí nó féilte áitiúla féin acu. Chomh maith leis sin faoin am a dtarlaíodh Féile an Phléaráca, bhíodh an oiread féilte curtha díobh ag an bpobal ar feadh an tSamhraidh nach raibh an oiread sin suime nó fuinnimh fanta ag daoine freastal ar imeachtaí.

D'fheabhsaigh an saol ó thaobh fostaíochta agus chiallaigh seo nach raibh am ag daoine an oiread sin obair dheonach a dhéanamh. Laghdaigh na scéimeanna FÁS (comhartha fholláin!) agus chiallaigh sé seo nach raibh cúnamh le fáil ón bhfoinse seo níos mó.

I 2002, d'athraigh Pléaráca an fhéile ó thús Mheán-Fómhair go tús Deireadh-Fómhair. Chun go mbeifí in-ann freastal níos fearr a dhéanamh ar scoileanna a déanadh é seo. Ní bhíodh scoileanna ach díreach oscailte théis saoire fhada an tSamhraidh agus bhíodh sé deacair clár a aontú leo nuair nach raibh said ach díreach ag tosnú ar an scoilbhliain nua. D'oibrigh na dátaí nua go maith ó thaobh comhoibriú na scoileanna ach bhí an fhéile anois ag tarlú beagán ró-dheireanach sa mbliain, bhí na trathnóntaí ag fáil dorcha agus ní fhéadfá brath ar an aimsir go háirithe ó thaobh imeachtaí farraige de.

Is de bharr na n-athraithe seo uilig thar na mblianta a rinne coiste na féile an cinneadh i mbliana go mbeadh dhá athrú mór ar fhéile Phléaráca sna blianta romhainn, sin gur i dtús an tSamhraidh a d'eagrófaí an fhéile níos mó agus gur i gceantar amháin a bheadh na himeachtaí ar fad! Agus cén áit ab fhearr chun an fhoirmle nua seo a thriail amach ná in Árann. Fuair muid cuireadh sách minic agus bhain Séamus Jamesie corr sclámh asainn nuair a sheol sé an fhéile ar an gCeathrú Rua cupla bliain ó shoin. Chuir muintir Árann na mílte fáilte romhainn agus chuir said coiste áitiúil fuinniúil le chéile. Fuair muid chuile chomhoibriú ó fhoireann an chomharchumainn agus chuir said a gcuid ama agus spáis ar fáil go flaithiúil. Tá réimse leathan imeachtaí i gclár na féile agus tá súil againn go mbainfidh sibh uilig sásamh agus spraoi as. Go mba fada buan iad muintir na noiléan!



Ciclipéid suas chun dáta an leabhar seo do léitheoirí bunscoile, ó na meánranganna suas. Eolas ar an gcine daonna, an saol mórthimpeall agus ar an domhan mór. 190 leathanach lomlán d'fhiricí suimiúla agus de phictiúir lándaite. Roinnte ina naoi roinn atá sé: An Cholainn; Plandaí agus Ainmhithe; An Domhan; Pláinéid agus Réaltaí; An Eolaíocht agus an Teicneolaíocht; Na hEalaíona; An tSochaí ina mairimid; An Stair; Tíortha.

Encyclopedia with information about the human race, the world around us and the wider world. 190 pages full of interesting facts and illustrated in full colour throughout. A wonderful resource for teachers and pupils alike. Suitable for Third Class and older.

ISBN 978-1-85791-634-8 €16.50 Crua

Le ceannach i siopaí leabhar nó le hordú tríd an bpost uathu seo:

AN GÚM

CLÓ IAR-CHONNACHTA 091-593 307  
AN SIOPA LEABHAR 01-478 3814

Foras na Gaeilge

# Seal Faoi Dhraíocht in Árainn

*Déanann Mattie Ó  
Niaidh as Rosmuc cur  
síos do  
Mheta Uí Mháille  
ar an am a chaith  
sé ag obair ar  
Inis Oírr & Inis Mór*

Tá rud eicint speisialta ag baint le hoileáin nach dtuigfidh tú go gcaithfidh tú tamall ar cheann. Is obair a chas mise go hÁrainn an chéad uair, agus is minic ó shoin atá sé ráite agam go raibh an t-ádh orm mar is tréimhse de mo shaol é ar bhain mé an-sásamh as. Tá cuimhní deasa agam ar an tréimhse a chaith mé ar Inis Oírr agus ar Inis Mór agus ar na daoine breátha ar chuir mé aithne orthu ar na hoileáin sin.


I 1973 cuir Bord Soláthair an Leictreachais foireann againn amach go hInis Oírr ag cur síos pollaí agus cáblaí leictreachais chun soláthar leictreachais a chuir ar na hOileáin. Bhí mé fhéin, Tony O'Brien agus Gabriel Lann ag fanacht Tigh Mhaggie agus Phádraig Cháit Uí Fhátharta. Ba iontach an cócaire í Maggie. Téim ar cuairt i gconaí aici nuair a théim go hInis Oírr. Bhí thart ar sé dhuine dhéag de leaids an oileáin ag obair linn freisin. Ta cuid acu sin imithe anois ach tá a gclann ann agus castar orm iad. Bhíodh muid isteach Tigh Ruaidhrí agus Tigh Ned, ní raibh ann ach an dá phub ag an am. Bhíodh neart ceoil ann, bhíodh tarraingt mhór ag muintir Cho. an Chláir ar Inis Oírr, neart ceoltóirí ina measc. Bhíodh Miko Russell agus a dheartháir isteach go minic. Dhéanadh muid go leor siúil, bhí siúlóid dheas amach go dtí an Teach Solais agus soir go dtí an Plassey. B'í an Plassey an t-údar iontais ba mhó ar an oileán ag an am, bhíodh chuile dhuine ag caint uirthi agus a leagan féin den scéal ag chuile dhuine. Bhí fear eile a bhí ag múineadh sa scoil ansin ar chuir muid an-aithne air, deartháir le Breandán Ó hEithir, bhásaigh seisean óg.

I 1975 chuaigh muid go hInis Mór, áit ar chaith muid an Samhradh ab fhearr a tháinig le cuimhne na ndaoine. Bhí muid ansin ó Aibreán go Lúnasa, Ochtar againn a bhí sa bhfoireann, Mick Grealish, Tony O'Brien agus Martin Ford as Gaillimh, Gabriel Ryan, Cill Ainín, Uachtar Ard, Máirtín Lydon as Maigh Cuilinn agus Cóilín King as an gClochán. Maraíodh Cóilín ar láthair oibre roinnt blianta ina dhiaidh sin. Sé Mick Griffith as Co. Mhuigheo a bhí i gceannas. Chaith an

grúpa againn tamall fada ag obair le chéile i gConamara. Bhí an dá áit cosúil le chéile ar bhealach, an t-aon difríocht a bhí eatarthu ná gur criathrach an chuid is mó de Chonamara agus bhí tú in-ann poll a bhaint domhain. Bhí neart gainimh in áiteacha i nÁrainn freisin a raibh tú in-ann an rud céanna a dhéanamh ach bhí áiteacha eile a raibh polla le cur suas ar leac agus bhí contóirt ag baint leis seo nuair a bhí tú á árdú. Ní raibh tada á choinneáil agus bhí dainséar ann go dtitfeadh nó go sciorrfadh sé.

Is i nÁrainn an chéad áit sa taobh seo tíre a trialadh amach na cosa fada a chuirtear ar phollaí le iad a ghreamú de leac, ach bhí thart ar thrí scór curtha suas againn nuair a tháinig suas leis an smaoineamh seo. Bhí rud amháin le rá faoi, bhí an áit an-ghlan, ní raibh tú clúdaithe le puiteach trathnóna taréis a bheith ag tochailt poill i rith an lae. Bhí suas le cheithre dhuine dhéag as an oileán ag obair linn, tá cuid acu anois ar shlí na bhfíréan. Níl mé in-ann cuimhniú ar a gcuid ainmneacha ar fad anois ach orthu sin bhí Jackie Gill as Cill Ronáin, Pádraig Nedín as Cill Éinne, bhí beirt eile as Cill Ronáin Mike Flaherty nach maireann agus Taimín Flaherty. Tá Taimín fós i mbarr a shláinte buíochas le Dia. Bhíodh Taimín i Meirceá agus agus bhí aithne mhaith aige ar an dornálaí Mike Flaherty agus ar ndóigh bhíodh scéalta móra aige faoin saol i Meirceá agus rudaí a tharla ann. Bhí Pádraig Hernon as Eoghnacht, Peter Gillen as Fearann an Chiorce agus Beartla Beag Ó Flatharta as Eoghnacht nach maireann, Bertie Millane, Dan Beag, Robbie Gill agus Peadar Hernon. Sé Peadar a bhíodh ag wireáil.

Thiar i bPort Mhuirbhígh a bhí muid ag fanacht ar dtús i dTigh Mhary agus Bertie Hernon. Ina dhiaidh sin fuair muid teach ar cíos i gCill Ronáin. Sé Cóilín Hernon a bhíodh ag déanamh chuile shórt dúinn agus ba mhaith uaidh. Bhí sé i mbun an Chomharchumainn ag an am agus sé a dhéanadh na socraithe ar fad ó thaobh stuif agus ábhar a fháil isteach. Sé Locky Kelly an chéad duine a thug ábhar isteach dúinn ar an tráiléar "An



Oibrithe BSL in Inis Mór sna 70aidí

Concord" as Ros a Mhíl go hInis Oírr. Is as Gaillimh is mó a thagadh an stuif. Bhí bád ag an gcomharchumann ag an am, tá mé ag ceapadh gur an Asco an t-ainm a bhí uirthi. B'iad Tomás Kelly agus Johnny Joyce a bhíodh ag obair uirthi. Bhí fear eile freisin Pat Joe O'Donnell a thugadh pollaí isteach dúinn ar a thráiléar An Escania agus dá mbeadh orainn dul go hInis Oírr sé a thugadh soir muid. Tá sé fhéin básaithe anois. Chuile thrí seachtainí a thagadh muid abhaile. Sí an Queen of Aran a bhí an t-am sin ann, an Queen beag. Sé John the Yank Mullen a bhíodh á rith agus leaid óg eile as Ros a' Mhíl, Rory Ó Conghaile. Corr uair a théadh muid ar an eitleán go Gaillimh. Bhí sí an-bheag, seisear a bhí in-ann dul uirthi. Ní shé an bealach taistil is fearr liomsa inniu ná an uair sin é.

Bhí an obair sách crua, ní raibh na deiseanna ann atá anois ann. Bhíodh tractor le Jarlath Burke againn agus sé Jarlath féin a bhíodh á tiomáint ach ní chuile áit a raibh sí in-ann dul. Bhíodh pollaí le tarraingt achar fada le rópa. Bhí go leor siúil i gceist freisin agus mar a dúirt mé bhí an samhradh an-te agus gan aon chleachtadh againn ar an

gcloch aoil, bhíodh a gcosa lán le léasracha. Rud eile a fuair muid deacair ná ag strapadh na glaíocha ó gharraí go garraí le cáblaí, bhí cuid de na ballaí sin os cionn dhá through dhéag ar airde. Níl claí ar bith i gConamara an airde sin. Bhíodh muid ag obair ón 8.00 ar maidin suas go dtí an 10.00 a chlog trathnóna seacht lá na seachtaine.

Bhí muintir an oileáin an-mhaith dúinn, ní bhíodh ganntann ar bith orainn. Bhí Margaret Gill thar a bheith go maith dúinn. Dhéanadh sí cácaí arán donn agus cacaí currants dúinn, thugadh sí aniar ag an teach iad trathnóna chomh maith le bainne. Bhí leaid eile ansin a bhí iontach dúinn, mac le Maoile Mór, Maoile Beag, go deimhin bhí chuile Mhaoile acu go maith dúinn. Thugadh sé iasc úr againn glanta agus chuile shórt réidh le cur ar an bpan. Fuair an fear bocht bás go hóg. Bhí bean eile i gCill Ronáin, máthair Mhichael Gill, bhí siopa beag aici. Bhíodh muid isteach ann ar maidin ag ceannacht briosaí le haghaidh an tae, níl fhios cé na buns a dhéanadh sí dúinn. Bhí muid ag fáil chuile aire. Caithfidh mé rá go bhfuair muid chuile dhuine an-éasca le déileáil leo. B'fhéidir go raibh buntáiste agamsa mar go raibh Gaeilge agam, ní shin le rá nach raibh neart Béarla ag muintir an oileáin ach i gcás mar shampla, an té a tháinig amach as Gaillimh chun an áit a pheigáil le haghaidh pollaí, b'fhéidir gur amach ós comhair doras tí dhuine eicint a bheadh ceann acu seo curtha, áit nach raibh an té sin ag iarraidh é bheith. Thuig muid ó bheith ag obair i gceantair tuaithe go raibh sé tábhachtach muintir na háite a shásamh agus bhí sé i bhfad níos éasca a theacht ar shocrú nuair a bhí tú in-ann labhairt le daoine ina dteanga féin. Is minic a d'athraigh muid polla ón áit a raibh sé ceapaithe dhul agus is muid fhéin a thóg an cinneadh sin, ní dhearna muid aon teangmháil le oifig BSL le cead a fháil. Is ag muintir na háite féin is fearr a bhí fhios an áit ab fheiliúnaí.

Ní raibh mórán siopaí ar an oileán, bhí Tigh Phóil an áit a bhfuil an t-ollmhargadh anois, bhí siopa ag



Mattie & Eddie McDonagh,  
Trá Chill Mhuirbhí 1979 - 06.00 r.n.  
Ní ar a mbealach ag obair é!

Micheál Gill agus ag a mháthair, bhí cupla siopa eile siar i mBun Gabhla agus i nEoghnacht. Thagadh búistéir isteach uair sa tseachtain ach bhíodh muintir an oileáin féin ag marú caorach agus bhíodh chuile shórt fataí agus glasraí curtha acu. Ní raibh said ag brath ar an siopa. Sin é an t-athrú mór i

chuile cheantar tuaithe anois, ní thuigfeadh gasúr anois go raibh lá ann nach raibh rudaí ar nós bainne ná feoil úr le fáil le ceannacht chor ar bith.

Mar a dúirt mé chuile thrí seachtainí a théadh muid abhaile. Bhí beirt ghasúr óg agamsa agus i rith an tsamhraidh sin is minic a thagadh mo bhean Mairéad agus na gasúir, Muireann agus Aengus isteach le haghaidh cúpla lá. Bhí muid lá ag dul amach ar *An Queen* agus bhí Johnny Chóil Mhaidhc uirthi agus é sínte siar ina chodladh. Bhí Aengus ag imeacht thart agus is dóigh ag piocadh ar Johnny "Cé leis an gasúr?" a d'fhiafraigh Johnny dom féin.

"Liomsa"

"Cén t-ainm atá air?"

"Aengus"

"Bhuel, a mhaicín" a deir Johnny

"nuair phósfas mise agus an chéad mhac a bheas agam tabharfaidh mé Aengus freisin air!"

Ar ndóigh cé go mbíodh muid ag obair deireanach bhíodh am againn le haghaidh cupla pionta. Bhíodh muid isteach Tigh Daly, teach ceann tuí, bhí sé an-deas. Beirt deirfiúr, Bríd agus Molly a bhí á rith. Ní osclaíodh na pubanna an t-am sin go trathnóna, ach thugadh Bríd an eochair dom féin agus do Chóilín King nó bheadh sí fágtha faoi chloch i bhfolach aici dúinn dá dteastaíodh deoch uainn agus is minic a theastaigh. Diabhal blas ach dul isteach agus pionta a tharraingt agus nuair a bheadh tú réidh an eochair a chuir arais san áit céanna

arís. Bhíodh go leor de mhuintir na háite isteach sna pubanna agus chuir muid aithne orthu, cainteoirí breátha, Mattie Gill, Joe Kelly, Brian Fitz agus go leor eile. Bhí aithne mhaith acu ar mhuintir Chonamara - Mártan agus Pádraig Mhicil, Pádraig agus Dudley Ghriallais, Maitias Ó Máille agus Tommy agus daoine eile as ceantar Rosmuc. Ar an mbealach céanna bhíodh athair Mhairéad, Tommy ag caint go minic ar mhuintir Árann agus ar Tom agus Brian Fitz go mór mór. Dá bharr sin b'fhacthas domsa go raibh aithne agam ar na daoine seo sul má casadh orm ariamh iad. Fuair mé an-éasca é aithne a chuir orthu agus níor caitheadh aon spalladh liom ariamh faoi aon spairteach.

Sé Tom agus a bhean Bríd a bhí i mbun tí ósta Tigh Fitz an t-am sin. Sé Brian Fitz a bhíodh i mbun Oifig an Phoist i gCill Éinne. Bhí bosca fón taobh amuigh ach bhíodh sé i gconaí gnóthach ag Gaeilgeoirí ag glaoch abhaile. Bhíodh gach glaoch le cur ar aghaidh ag an máistir poist ag an am sin. Is minic a deireadh Brian liom gan a bheith ag fanacht taobh amuigh ag an mbosca ach a theacht isteach agus go gcuirfeadh sé tríd mé "mar beidh tusa ag iarraidh teagmháil a dhéanamh leis an mbaile" a deireadh sé. Bhí bean eile a raibh conaí uirthi i dteach deas ceann tuí ós cionn Reilig na Seacht dTeampall a gcaithfeadh muid píosáí móra ag caint léi, Maggie Derrane a bhí uirthi. Bhí sí sa scannán "Man of Aran".

Théadh muid ag an gcéilí corr thrathnóna Domhnach. Ba mhór an spóirt a bheith ag breathnú ar na hÁrannaigh ag damhsa, bhí an stíl a bhí acu difriúil den stíl a bhí againn i gConamara. Is cuimhin liom go maith Máirtín Jamesie agus Michaelín McDonagh agus duine de na Flathartaigh as Gort na gCapall, bhíodar iontach ag damhsa. Bhíodh muid ag imirt peile freisin, bhí foireann peile ar an oileán ag an am agus tá mé ag ceapadh gur leis na Píarsaigh a bhí a gcéad chluiche acu. Cé go mbíodh cuid mhaith turasóirí ag triall ar na h-oileáin ag an am, ní raibh sé tada mar atá anois. Cheapainn gur iascaireacht an tionscail ba mhó ar an

oileán ag an am. Bhí chuile dhuine ag plé leis agus go mór mhór le linn séasúr na mbradáin. Bhí bradáin chomh fairsing le féar ag an am. Bhí monarcha cniotála ar an gceann thiar don oileán ina mbíodh cailíní an oileáin ag obair ann.

Bhí mé maidin Luain ag dul isteach ar an mbád, bhí an mhaidin go breá. Nuair a bhí muid ag teannadh gar do Chill Rónáin, bhí na cuaillí arda dubha seo le feiceáil i chuile áit i bhfad amhrac uait ar fud an oileáin. "Dia dhá réiteach" a deirimse "tá an t-oileán millte againn!"

*"Tá draíocht cinnte ag baint le Oileáin. Ag breathnú siar air ceapaim go raibh muid faoi dhraíocht an samhradh sin ar aon nós."*

Bhí mé istigh arís i 1979, bhí leaid eile as Maigh Cuilinn Eddie McDonagh in éineacht linn an uair seo. Bhí muid ag ceangal tithe nua leis an gcóras. An difríocht mhór a chonaic mé idir 1975 - 1979 ná an fhorbairt a tháinig san achar sin, an méid tithe nua a bhí dhá dtógáil ar an oileán, tá súil agam gur chuidigh muid ar bhealach beag eicint leis an bhforbairt sin. Bhí Tigh Daly dúnta ag an tráth seo agus sí Penny Fitz, duine den chlann iníon a bhí i mbun Tigh Fitz agus bhí oícheanta maithe againn ann. Is iomaí oíche ó shoin atá caite Tigh Fitz agam le Margaret agus Jackie Gill.

Tá draíocht cinnte ag baint le Oileáin. Ag breathnú siar air ceapaim go raibh muid faoi dhraíocht an samhradh sin ar aon nós. Ag fágáil Tigh Chreig agus ag siúl siar trasna trá Chill Mhuirbhígh oíche bhreá samhraidh le solas gealaí, ní raibh aon áit ar domhan mar é. Seal é a raibh muid faoi dhraíocht go cinnte!



# Óstán Árann

Aran Islands Hotel



*Ciúdas gan Uaigneas  
relax... & unwind*



## Tish Fitz

★★★ Guesthouse Bar & Lounge



ROOMS EN SUITE • T.V. • TEA & COFFEE FACILITIES  
D.D. • HAIR DRYER

099-61213

# Cuimhní Cinn

## Ó Bhríd Fitz

Chaith Bríd Fitz na blianta i mbun an tí ósta Tigh Fitz i gCill Éinne.

Labhair Meta Uí Mháille léi faoina saol agus an chaoi ar mhair siad ar an oileán ag an am.



Mattie Ó Naidh & Bríd Fitz

An rud is mó a rith liom nuair a thug mé cuairt ar Bhríd in Árás Rónáin ná an suíomh álainn a bhfuil an t-ionad seo suite gan caint ar an dream iontach atá ag rith na h-áite. Faraor níl Bríd in-ann aon tairbhe a bhaint as an radharc iontach atá ar chuile thaobh di in Árás Rónáin, mar tá amharc na súl caillte aici le fada.

"Ba as Eochaill ó thúis mé, thiar gar don Séipéal. Bríd Ní Fhátharta nó Bríd Cheata a bhí orm roimh pósadh. Tá mo dheartháir Tom agus mó dheirfiúr Máire Gilmartin ina gconaí ar an oileán.

Phós mé thoir i gCill Éinne. Ó deamhan fhios agam anois cén chaoi ar casadh Tom orm, grá nó bealach eicint mar sin a bhí ann, is dóigh, Tom Mac Giolla Phádraig nó Tom Fitz mar a b'fhearr aithne air. Cé go raibh m'fhear céile cúpla bliain níos sine ná mé bhain muid an-cheart dá chéile. Bhí cúigear clainne againn, ceathrar íníon agus mac amháin. Tá Mary Ann pósta i mBaile Átha Cliath, Kathleen atá pósta le Tomás Conneely agus ina gconaí anseo ar an oileán. Tá Margaret pósta le Jackie Gill agus ina conaí i gCill Ronáin. Sí Penny atá sa mbaile i mbun Tigh Fitz i gCill Éinne. Tá Pádraig agus a bhean Ann ina gconaí anseo ar an oileán freisin.

Bhí teach ósta Tigh Fitz ann blianta fada sul má phós mé. Bhí Daideo, athair Tom, beo ag an am. Mac Antainín a thugadís

air, Paitín Antainín. Bhí bád aige a raibh "An t-Ath. Morrelly" uirthi. Bhí sagart ar an oileán a raibh an t-Ath Morrelly air. Níl fhios agam a b'shin an fáth an t-ainm a bheith ar an mbád ach droch sheans.

Bád iascaigh a bhí inti, bhíodh sé amuigh ag iascach, bhí sé ag déanamh maith go leor. Bhíodh Tom in éineacht leis. Théadh said ag an margadh oíche Déardaoin go h-ionduíl, i nGaillimh. Bhí bean ansin Mrs Deacy a bhíodh ag ceannacht éisc. Bhí an-tóir ag muintir Chonamara ar iasc saillte go h-áthrid breams, sin iad ab fhearr leo. Níl bream ar bith le fáil anois, is dóigh go bhfuil said ann ach nach bhfuil aon duine á dtoraíocht. Is aisteach an chaoi a bhfuil an t-iascach anois, níl an t-iasc fairsing. Caithfidh tú bád maith bheith agat agus cúnamh maith, tá costas go leor ag baint leis, ach taitníonn an t-

"Muise, na creatúir cheannaigh said an saol!"

iascach leis an dream óg. Tá mac agam féin Pádraig, ní fhanfadh sé sa mbaile ar rud ar bith, b'fhearr leis an céad punt a dhéanfadh sé ag iascach ná cibé céard a shaothródh sé ar aon bhealach eile. Tá bád iascaigh aige féin, "Shauna Ann" ainmnithe i ndiaidh a mhná agus a iníne.

Ó bhínn ag obair sa mbéar! Ó m-anam gur dhíol mé neart pórtair. Pórtar is mó a díoltaí an uair sin agus corr leathghloine

fuisce. Ní raibh caint ar bheer ná ar thada mar sin. Théis na h-oíche bhíodh corrdhuine tinn, leigheasadh an pórtar arís iad. Bhí siopa chomh maith leis an mbeár againn. Ní raibh éadach ná bróga ná rudaí den tsórt sin ann, tae, siúcra, tobac agus toitíní. Bhí sé deacair stuf a thabhairt isteach sa drochaimsir. Ní raibh Inis Mór ró-dhona ach bhí na h-oileáin thoir mar níl fhios agam an raibh aon chéibh ann an t-am sin. Bhí sé sách crua ach cheap muid féin go raibh muid thar barr, ní raibh ocras ar aon duine, buíochas le Dia.

Is cuimhin liom go maith na báid mhóna a thagadh isteach as Conamara, cé go bhfuil dearmad déanta agam ar go leor dá gcuid ainmneacha. Is cuimhin liom Micil Úna, Michael Ó Brien agus Peadar Chóil Mhoir. Bhí beirt eile, thagadh said go minic isteach sa gcéibh faoin teach i gCill Éinne le lucht móna, Mártanín agus Pádraigín Phádraig Mhicil. Thagadh said aníos ag iarradh braon bainne le h-aghaidh an tae agus d'ólfadh said cupla pionta. Ní raibh bainne á dhíol sa siopa an t-am sin chor ar bith agus nuair a bhíodh fuireach chalaidh orthu ag droch aimsir ní bhfad a bheadh said ag rith amach as bainne agus arán. Is iomaí oíche a chaith said againn i ndroch aimsir, ní raibh aon mhaith a rá leo síneadh ar an leaba, b'fhearr leo suí ansin cois na tine go maidin. Muise, na creatúir cheannaigh siad an saol!

Bhíodh droch mhóin ann agus bhíodh móin mhaith ann. Sa seanairgead trí phunt deich a bhí ar lucht móna, sin lucht bád mór agus deich fichead ar lucht leathbhád. Le bheith siúráilte go mbeadh do dhóthain móna agat ar fhaitíos go dtiocfadh ort, cheannaíodh muid trí lucht bád mór. Bhí sé sách daor, ach bhí sí

saothraithe go maith ag na creatúir freisin. Séard a déarfadh muid i gconaí dá mbeadh móin againn go mbeadh muid saibhir, ach nár mhaith í fháil? Tugtaí spairteach ar dhroch mhóin, "breathnaigh isteach arís iad le lucht spairtigh" a déarfadh na sean leaids.

Déantaí babhtáil in áit airgead freisin scaití, fataí nó iasc. Bhíodh neart fataí ann an t-am sin. Cuirtí níos mó fataí ná mar a bhíodh ag teastáil, ní raibh mórán eile le déanamh. Bhí na daoine níos muintirigh le chéile freisin. Roinnfeadh said chuile shórt le chéile, an rud a bhí ag

"Ó bhínn ag obair sa mbeár! Ó m-anam gur dhíol mé neart pórtair. Pórtar is mó a díoltaí an uair sin agus corr leathghloine fuisce."

duine, bhí greim ag chuile dhuine de. Nuair a mharaítí caora bhíodh píosa ag muintir an bhaile de. Bhí chuile dhuine mar a chéile. Ní hé nach bhfuil said sách muintearach i gconaí, níl mé in-ann é a chuir i bhfocla, ní hé nach roinnfeadh said le chéile ach ní thabharfadh said le rá é go mbeadh sé ag teastáil, agus tá chuile rud le ceannacht sa siopa anois!

Ba lá mór é Lá'l Peadar 's Pól, bhíodh said isteach as Conamara. Bhíodh corr raic ann, fir mhaith nuair a bhíodh braon óil déanta. Bhíodh said ag pógadh a chéile arís lá arna mhárach, sin a mbíodh de dhochar ann.

Amhráin is mó a bhíodh dá gcasadh sna tithe ósta, sean amhráin. Bhí ceoltóirí ann freisin, ceoltóirí maithe nach bhfuair aon

ranganna ceoil, bhí sé acu ón nádúr. Bhíodh damhsa sna tithe freisin, bhí an chraic níos fearr ná tá anois, bhíodh sé thar cionn go dtí maidin lá arna mhárach, ansin ag iarraidh do shuíle oscailt. Sheasadh bainis trí lá. Bhíodh na turasóirí ag teacht go h-Árainn i gconaí agus chuir said le saol an oileáin, ní dhearna said aon dochar déarfainn. D'imigh go leor daoine óga den oileán, bhíodh said féin ag aithris ar a chéile. Duine ar bith a raibh aon duine i Meiriceá acu ach ní chuile dhuine a raibh, thagadh parcels uathu, bhí muid ag ceapadh go raibh rudaí le fáil gan tada i Meiriceá.

Ní raibh aon suim agam féin an t-oileán a fhágáil chor ar bith, fiú le dhul go Gaillimh. B'fhearr liom a bheith sa mbaile. D'fheicfinn m'fhear céile, thaitníodh leis thart cionn dul go Gaillimh, mar gur chleacht sé a bheith ann nuair a bhíodh sé ag iascach. Tá an saol go maith ar an oileán faoi láthair, tá chuile dheis ann. Roimhe seo ní bhíodh bád ach Dé Céadaoin agus Dé Sathairn.

Ach anois tá bád faoi dhó sa ló agus trí h-uaire sa samhradh agus tá an t-eitleán ann ar ndóigh. An mhaith is mó faoi sin ní bhíonn an t-aistear i bhfad. Thaitníodh an t-eitleán go maith liom ach ní thaitníodh na báid. Bhíodh tinneas farraige orm an oíche sul má d'fhágfainn an teach chor ar bith ag cuimhniú air. Ní mórán trua a bhíodh dom, ag gáire a bhíodh said fúm. Ba é an taobh ba mheasa de shaol an oileáin ná na tragóidí a bhain leis an bhfarraige. Bhí an chontóirt sin ann go sábhála Dia chuile dhuine."

## An Réalóg



B & B  
Leaba 7 Briceasta  
ROOMS EN SUITE

Prop. Áine Uí Fhlaithearta

Mainistir, Cill Rónáin, Oileán Árann, Co. na Gaillimhe  
Fón: 099-61159

## Ciséan Árann

Caoladóir Traidisiúnta

Cúrsaí trí Ghaeilge

Cuir glaoch ar Vincent 099-61209

babsvin@eircom.net



## Gradam an Phléaráca '06

Réamonn Ó Mainín (Cathaoirleach Phléaráca) ag bronnadh Gradam na Féile 2006 ar An Athair Eddie Bheartla Ó Conghaile

## Comharchumann Forbartha Árann

Níl dabht ar bith ach go bhfuil Comharchumann Forbartha Árann ar cheann de na comharchumainn ghaeltachta is mó a bhfuil dul chun cinn déanta faoi. Tá an eagraíocht i dtiúin le riachtainis an oileáin agus torthaí dearfacha dá mbaint amach go leanúnach. San alt seo, cuireann Kathy Ní Ghoill, bainisteoir an chomharchumainn síos ar an obair atá ar bun acu.

**B**unaíodh Comharchumann Forbartha Árann Teo i 1991. Tá páirt lárnach ag an gComharchumann i saol laethúil phobail an oileáin. Cuireann an comharchumann réimse leathan seirbhísí ar fáil, tá líon mór tograí á reachtáil agus tá oifig an chomharchumainn mar a bheadh biúró eolais agus comhairleach don phobal i gcoitinne agus do choistí deonacha an oileáin. Tá ré nua i ndán don chomharchumann anois mar tá an fhoireann díreach tar éis bogadh isteach san Ionad Fiontair nua atá tógtha ag Údarás na Gaeltachta. Chomh maith le hoifig an chomharchumainn, beidh leabharlann, oifig seirbhísí CWP (sláinte) agus dhá aonad fiontair sa bhfoirgneamh nua.

Siad na príomhthograí a bhfuil an comharchumann ag plé leo ná bus an phobail, seirbhís bhreosla, ionad traenála in Eoghanacht, seirbhís thacaíochta riaracháin don naíonra agus d'Árus Rónáin, agus seirbhís chomhairleach don Chomhairle Contae agus don Roinn Gnothaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta maidir le bóithre agus riachtanais eile infrastuchtúir an oileáin. Tá roinnt tograí tábhachtacha nua ar na bacáin. Ina measc sin tá páirc spraoi do ghasúir, tionscnamh pleanála teanga, pumpanna nua breosla don oileán agus naíolann (creche). Tá sé aontaithe le hÚdarás na Gaeltachta athchoiriú mór a dhéanamh ar Ionad Árann, an t-ionad oidhreachta, ar chostas measta €1.2m agus beidh an comharchumann á riaradh i gcomhar leis an OPW nuair a osclofar arís é ag deireadh na bliana seo.

Tá deontas €800,000 ceadaithe don chomharchumann le naíolann a thógáil ag Mainistir agus tá plé ar siúl faoin gconradh faoi láthair. Tá ionad athchúrsála bruscair á riaradh ag an gcomhlacht Timpeallacht na nOileán Teo a bhfuil baint lárnach ag an gcomharchumann leis. Is iontach go deo an difríocht a dhéanann sé don oileán an tseirbhís bhruscair agus athchúrsála seo a bheith ann agus tugann an pobal agus an lucht gnó tacaíocht iomlán dó. Sé an toradh atá air sin ná go bhfuil cúrsaí bruscair agus glaineacht na timpeallachta faoina smacht féin ag pobal an oileáin.



Ionad Fiontair Inis Mór

Bhí baint mhór ag an gcomharchumann leis an bhfeachtas le haghaidh forbairt an chalaphoirt. Tar éis go leor stocaireachta aontaíodh plean forbartha a shásóidh na hiascairí, na báid farantóireachta agus bád lastais agus tá pobal an oileáin an-sásta go bhfuil buiséad €20m fógraithe ag an Aire Eamon Ó Cuív don fhorbairt. Tá muid ag súil go dtosóidh an chéad chéim den obair fhorbartha roimh dheireadh na bliana seo.

Tá fochoiste láidir fuinnimh inathnuaite ag an gComharchumann. Tá clár cuimsitheach leagtha amach acu leis an bpobal a chur ar an eolas faoi bhealaí le fuinneamh a chaomhnú agus a ghiniúint. Ba mhaith leis an gcomharchumann muileann gaoithe a bhunú ar an oileán amach anseo.

Creideann an comharchumann go bhfuil seirbhís leathanbhanda fíor thábhachtach don oileán agus tá go leor stocaireachta déanta ar mhaithe le seirbhís ardluais a fháil. Tá seirbhís theoranta ar fáil faoi láthair ach tá an comharchumann dóchasach go ndéanfar uasghrádú ar an malartán roimh dheireadh na bliana seo agus go mbeidh an lucht gnó agus tithe príobháideacha ar fud an oileáin in ann an tseirbhís thábhachtach seo a fháil an uair sin.

Beidh tús á chur againn go luath le tionscnamh pleanála teanga ar an oileán. Tá an Ghaeilge faoi bhrú mór anseo nós

mar atá ar an mórhír. Tá maoiniú ceadaithe dúinn ag an Roinn Gnothaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta le Áisitheoir Teanga a fhostú agus beidh an tionscnamh ar bun ar feadh tréimhse trí bliana.

Tá cinneadh déanta ag an gComharchumann an tIonad Fiontair a ainmniú in ómós do dhuine de ghníomhairí móra pobail an oileáin san am atá caite - sin Cóilín Ó hIarnáin (Cóilí Mhaidhc) a fuair bás i 1996. Ionad Fiontair Cholm Ó hIarnáin an t-ainm oifigiúil a bheidh ar an Ionad ina bhfuil lárionad gníomhaíochta an Chomharchumainn.

Tá muid an-dóchasach faoin todhchaí. Faoi thús 2008 tá súil againn go mbeidh Ionad Árann nua-chóirithe, an pháirc spraoi do ghasúir, an naíolann, an tionscnamh pleanála teanga, togra tithíochta sóisialta agus forbairt an chalaphoirt faoi lántseoil nó faoi chonradh.

Sé an mana atá ag an gComharchumann ná "ag breathnú romhainn le misneach!" Siad an fhoireann atá ag an gcomharchumann ná Kathy Ní Ghoill (Bainisteoir), Geraldine Ní Ghoill (Bainisteoir Cúnta), Breda Ní Dhomhnaill (Rúnaí/Riarthóir), Gerry Mullins (Bainisteoir Timpeallacht na nOileán), Correna Doherty (Rúnaí Timpeallacht na nOileán). Bíonn neart oibre le déanamh againn!

# Mná Fiontracha Inis Mór



**Beidh Mná Fiontracha ag eagrú Ceiliúradh ar Scríbhneoirí an Oileáin i nGarraí Liam Ó Flaithearta, Gort na gCapall Dé Domhnaigh 6 Bealtaine ag 12.30 mar chuid de Fhéile Phléaráca 2007.**

**T**háinig Mná Fiontracha, grúpa ban as Árann le chéile ar dtús i 1994 faoi scéim FÁS. Is as seo a d'fhás an tionscnamh Bailiúcháin Bhéaloideas Árann atá idir lámha ag na Mná Fiontracha ón mbliain 2000. Tá timpeall seachtú agallamh taifeadta acu le scéalta agus eolas ó mhuintir an oileáin. D'fhoilsigh siad leabhar "Árann - Cosáin an tSaoil" i Meán Fómhair 2003, ina bhfuil eolas le fáil ar bhóithre, toibreacha, carcair agus sealbhóirí tí i chuile cheann de na cheithre bhaile déag in Árann. Foilsíodh "Ár nOileán - Tuile's Trá" i 2004 chun blaiseadh beag dá mbailiúchán a roinnt le daoine gur suim leo béaloideas, stair agus traidisiúin chultúrtha an oileáin. Foilsíodh leabhrán faoi Liam Ó Flaithearta i Lúnasa 2006 nuair a d'oscail Comharchumann Aonghusa gairdín cuimhneacháin in onór Liam Uí Fhlaithearta. Tá na leabhair seo ar fad le fáil ó Mná Fiontracha.

Gné an-tábhachtach i bplean forbartha Mná Fiontracha ná oiliúint. Tá cúrsaí déanta acu i dtaifeadadh fuaime agus le gairid rinne siad dhá chúrsa ríomhaireachta le Acadamh na hOllscolaíochta, Carna, le maoiniú ó Comhdháil Oileáin na hÉireann; ceann i mBunachar Sonraí agus ceann i "Dream Weaver" agus "PhotoShop". Tá maoiniú faighte acu ó Údarás na Gaeltachta le staidéar féidearthachta a dhéanamh chun a mbailiúcháin a


chaomhnú agus a bhuanú. Sé an chéad chéim thábhachtach eile ná Cártlann Árann a bhunú i Seanscoil an Cheathrar Álainn i bhFearann an Choirce. Thabharfadh sé seo áit bhuan do Bhailiúchán Bhéaloideas Árann agus bheadh sé i gceist an bailiúcháin a mhéadú trí plé le cártlanna ina bhfuil saibhris Árann faoi láthair. Tuigeanann siad gurb é cosaint cóipchearta an chúis imní is mó do chártlanna i gcoitinne agus go mbeidh orthu a chinntiú go bhfuil na háiseanna cearta acu chun an t-ábhar a stóráil. Mar chuid den staidéar féidearthachta beidh grúpa acu, in éineacht lena gcomhairleoir Deirdre Ní Chonghaile, ag tabhairt cuairt ar Ionad Chaluim Chille Íle, agus ar Ionad Naomh Moluag, Ionad Chomann Eachdraidh Lios Mór in Albain i Mí na Bealtaine le maoiniú ó Colmcille agus Comhairle Contae na Gaillimhe.

Tá aitheantas faighte ag Mná Fiontracha cheana ón gComhairle Oidhreachtach agus ón Oifigeach Oidhreachtach i gComhairle Contae na Gaillimhe, Roinn na Gaeltachta, Údarás na Gaeltachta, Comhdháil Oileáin na hÉireann, Coiste Gairmoideachais Chontae na Gaillimhe, agus ó FÁS de bharr an bhailiúcháin agus na leabhair atá foilsithe acu le cúpla bliain anuas.

**Maeve Uí Fhlaithearta**

## CAOL DÍREACH...

*go ceann scríbe!*



An Ghaeilge  
The Irish Language

Foghlaim  
Learning

Úsáid  
Using

Eolaire  
Directory

Foras na Gaeilge  
Foras na Gaeilge

Ní gá dul amú a thuilleadh. Tá bealach glan romhat. Pé eolas atá uait faoin nGaeilge agus a mbaineann léi, éascóidh [www.gaeilge.ie](http://www.gaeilge.ie) do thuras.

Féach go speisialta inneall fógraíochta NASC, áit gur féidir leat:

- cúrsa/ imeacht a fhógairt nó a iarraidh,
- do shainpéis a chlárú (chun nod a fháil nuair a bhíonn eolas nua faoi ar an suíomh), nó
- a bhfuil ar fáil i do cheantar féin a chuartú.

Tabhair cuairt agus glac páirt sa Chíbear-ghaeltacht inniu!

No roundabouts here. Let the information superhighway take you where you want to go with the Irish language. Just log on to [www.gaeilge.ie](http://www.gaeilge.ie) for the quickest route to the information you need.

Check out the NASC classified ads where you can:

- post an ad to request or advertise a course/ event,
- register your area of interest to get alerts when new info is posted, or
- search for what's available in your neighbourhood. And much more.

It's never been easier to connect with the Cyber-gaeltacht!

do nasc leis an teanga *gaeilge.ie*  
your link to the language

**Foras na Gaeilge**

T: 1850 325 325 / 0845 309 8142 (T.É.) R: [eolas@forasnagaeilge.ie](mailto:eolas@forasnagaeilge.ie)

## Neylon & Company

Cuntasóirí Cairte

Páirc Teicneolaíochta na  
Gaillimhe

An Pháirc Mhór

Gaillimh

Iniúcháirí Cláraithe  
Comhairle Airgeadais  
Pleanáil Cánach  
Iarratais ar dheontais Stáit agus  
Isachtaí  
Bunú agus rúnaíocht Comhlachtaí

*Déan teagmháil ar do thoil le Joe Neylon*

Teil: 091-735800

Faics: 091-765589

Ríomhphost: info@neylon.ie

*Le gach dea-ghuí don Phléaráca 2006*

## Kilronan Hostel

Inis Mór

SEOMRAÍ EN-SUITE

Fón: 099-61255

*2 nóiméad ón gcéibh*



COMPLETE  
LABORATORY  
SOLUTIONS

SAOTHARLANN CHONAMARA TEO  
ROS MUC  
CO. NA GAILLIMHE  
TEIL: 091-574355

INFO@CLS.IE  
WWW.COMPLETELABSOLUTIONS.COM  
NÍOS FAIDE NÁ RAON NA SÚILE

## SAORCLOCH

## Éamonn Ó Mainín

Turloch, Rosmuc

**Ballaí Cloch,  
Aghaidh Tithe,  
Tinteáin**

Fón Póca: 087-6960850

Gach rath ar an bhFéile!

## Pobal Nua

# As Cracow go Cill Rónáin

Cuireann Peigí Ní Chonghaile aithne ar chuid de mhuintir oirthear na hEorpa atá ag obair agus ag maireachtáil ar Inis Mór

Bhí cleachtadh ariamh ag pobail chósta agus oileáin thiar na hÉireann, go háirithe ag na pobail Ghaeltachta, casadh le pobail nua. San am a caitheadh, de bharr bochtanais agus easpa fostaíochta ag baile bhí orthu dul ar imirce. Go deimhin is mó seans go gcloisfeá caint ar Dorchester nó Camden Town istigh ar an teallach acu ná tagairtí dár bpríomhchathair féin BAC. Ach buíochas le Dia, tá an imirce mhór sin stopaithe le roinnt blianta anois agus sé a mhalairt atá tarlaíthe, sin gur isteach sa tírín bheag s'againne atá daoine ag teacht ag cuartú oibre.

Ní amháin go bhfuil daoine ag teacht isteach ag cuartú oibre ach tá comhlachtaí agus áisíneachtaí Éireannacha ag déanamh fógraíocht ar fud an domhain ag mealladh oibrithe go hÉirinn.

Má shíúllann tú sráideanna cathair nó baile ar bith sa tír seo anois, casfaidh tú le Brasailigh, Polannaigh, Síni, Slóvaigh agus go leor eile. Agus ní haon eisceacht é Inis Mór, Árainn. Tá níos mó seans anois gur duine as oirthear na hEorpa a bheas ag déanamh freastail ort i siopaí nó i mbialanna an oileáin ná duine as an oileán féin. Sé P. J. Ó Flatharta úinéir Óstán Árainn, óstán breá atá oscailte ar an oileán anois le dhá bhliain. Tá seisear ó thíortha oirthear na hEorpa fostaíthe aige san óstán agus beidh níos mó acu ag teacht don Samhradh. Deireann PJ go bhfuil an t-oileán anois ag brath go mór ar na hoibrithe seo. Tá lán-fhostaíocht ar an oileán, a deir sé, agus taobh amuigh de mhicléinn dara agus triú léibhéal nach mbíonn ar fáil ach go páirtaimseartha nó go séasúrach, caithfear brath ar na hoibrithe eachtrannacha a fhostú.

Deireann PJ go bhfuil suas le trí scóir acu fostaíthe ar an oileán idir an tÓstán féin, Áras Rónáin, an t-aerphort, na báid, tithe lóistín agus an t-ollmhargadh.

Tá muintir an oileáin fíorbhúioch dóibh. Is as an tSlóvaic agus an Pholainn is mó a thagann siad. Bíonn scileanna maithe acu. Labhrann siad Béarla agus tá siad oscailte ó thaobh na Gaeilge a fhoghlaim. Tá luí acu le teangacha, tá trí nó cheithre theanga ar a dtoil cheana féin ag an gcuid is mó acu, Polainnis, Gearmeáinis, Rúsis agus Béarla.

Is as Isalmi i lár na Fionnlainne í Sirpa Ruopsalainen. Tá sí ag obair ar an oileán anois le cheithre bliana, péire acu sin san óstán áit a bhfuil cúraim fáilteora agus riaracháin uirthi. Tháinig sí ar dtús chun cuairt a thabhairt ar cholceathrar di a bhí ag obair i gceann de thithe lóistín an oileáin. D'oibrigh sí léi seo ar feadh tamaill. Shocraigh sí filleadh ar an oileán léi féin agus breathnaíonn sé go m'fhéidir



Jovita Preikstaide



Sirpa Ruopsalainen

go mbeadh sí ag fanacht mar go bhfuil sí mór le fear as Inis Mór. Is as príomhchathair Lithuania, Vilnius í Jovita Preikstaide. Tá sí ag obair in ollmhargadh an oileáin le dhá bhliain. Is maithe léi an áit agus ba chuma léi fanacht in Éirinn go buan. Is as cathair Banska-Bystrica sa tSlóvaic í Balzena Varechova. Is i dtús na bliana seo a tháinig síse go dtí an t-oileán

agus tá sí ag obair san óstán. Ní bheidh sí ag fanacht i bhfad mar go bhfuil sí ag filleadh abhaile i mí Iúil le pósadh. Deireann sí go bhfuil an t-airgead níos fearr sa tír seo ach go bhfuil chuile rud an-daor, níos daoire fiú amháin ná an Ghearmeáin! Is as Cracow sa bPolainn é Mariusz Tietrzak. Tá sé féin agus a chailín ag obair san óstán le trí mhí anois. Le dhá bhliain roimhe sin bhíodar ag obair ar oileán Guerrisey agus roimhe sin d'oibríodar ar na longa turasóireachta sa Mhuir Chairib. Deireann seisean go bhfuil an t-airgead a shaothraíonn tú sa tír seo faoi dhó nó trí huairte níos mó ná mar shaothródh tú sa bPolainn. Taitníonn an t-oileán leis, deir sé go bhfuil sé cosúil le bheith ar saoire an t-am ar fad, go háirithe nuair a bhíonn an aimsir go breá. Deir Mariusz agus Blazena, nach bhfuil ar an oileán ach ó thús na bliana chomh maithe go bhfuil chuile dhuine ag rá leo go bhfuil rudaí ciúin faoi láthair ach fan leis an Samhradh!

Tá ochtar Polannach ag obair ar Inis Mór, mar sin, bíonn deis acu a dteanga féin a labhairt. Nuair a d'fhiafraigh mé de Mariusz céard a cheap sé faoin nGaeilge, dúirt sé nach bhfuaimníonn sé cosúil le aon rud a chuala sé ariamh! Bíonn cuid acu ag freastal ar ranganna Gaeilge ach mar gheall gur sa nGeimhreadh a bhíonn formhór acu ar bun bíonn deacrachtaí acu leo mar go dtéann siad abhaile i rith an Gheimhridh agus briseann sé leanúnachas na ranganna. Ach mar sin féin tá siad ag foghlaim na teanga ó mhuintir an oileáin agus trína gcuid oibre. Tá Jovita agus Sirpa ag dul abhaile faoi Nollaig. Tiocfaidh Sirpa ar ais ag deireadh Eanáir agus Jovita ag deireadh Márta.

Cé cheapfadh scór bliain ó shoin i lár na n-ochtóidí nuair a bhí sruth daoine óga ag imeacht as an tír seo ag cuartú oibre go mbeadh an taoide casta chomh mór seo. Anois tá Éirinn agus Árainn ag brath ar fhórsa oibre as chuile choirnéal den domhan chun postanna a líonadh.

Tá cleachtadh mhaith ar aon nós ag na hÁrainnaigh ar strainséirí ag teacht chucu. Tháinig na manaigh ar dtús, dream a d'fhág lorg shuntasach ar an oileán. Tháinig na turasóirí i bhfad ina dhiaidh sin agus anois tá pobal óg na hEorpa ag cur a marc féin ar an áit. Go mba fada buan iad!



Ollscoil na hÉireann, Gaillimh  
National University of Ireland, Galway

### Oideachas Ollscoile trí Ghaeilge

Is coláiste lán-Ghaeilge de chuid Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, é Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge.

#### Cúrsaí an Acadaimh le haghaidh 2007-2008:

##### Cúrsaí Céime

- B.A. sa Chumarsáid (CAO – GY 106)
- Léann an Aistriúcháin  
(ábhar nua de chuid an B.A. (omnibus) OÉ Gaillimh)

##### Cúrsaí Iarchéime

- Diplóma Iarchéime / M.A. i Léann an Aistriúcháin  
*Lánaimseartha*
- M.A. i dTheagasc Teangacha  
(An Ghaeilge) *Páirtaimseartha*
- M.A. sa Phleanáil Teanga *Páirtaimseartha*
- Ard-Diplóma i gCumarsáid Fheidhmeach (Craoltóireacht & Iriseoireacht Raidió & Teilifíse) *Lánaimseartha*
- Ard-Diplóma sna Dána  
(Teicneolaíocht Faisnéise) *Lánaimseartha*
- Ard-Diplóma sa Drámaíocht *Lán/Páirtaimseartha*
- Ard-Diplóma i Scileanna Raidió *Páirtaimseartha*
- M.Sc. sa Teicneolaíocht Faisnéise (trí Thaighde)

##### Cúrsaí Diplóma

###### Lánaimseartha

- Diplóma sna Dána (Scileanna Raidió)
- Diplóma sna Dána (Scileanna Teilifíse)
- Diplóma sna Dána  
(Ríomhaireacht don Riarachán Gnó)

##### Cúrsaí Diplóma

###### Páirtaimseartha

- Diplóma sna Dána (Scileanna Aistriúcháin)
- Diplóma sna Dána (Teicneolaíochtaí Gnó)
- Diplóma sna Dána (Cleachtas Ealaíne)
- Diplóma sna Dána (Aisteoireacht)
- Diplóma sa Ghaeilge (Leibhéal A2)
- Diplóma sa Ghaeilge (Leibhéal B2)
- Diplóma sa Ghaeilge (Leibhéal C1)
- Diplóma sa Ghaeilge (Leibhéal C2)

#### Seo a leanas Ionaid dhifriúla an Acadaimh

- Áras na Gaeilge, OÉ Gaillimh
- Ionad an Acadaimh, An Cheathrú Rua, Co. na Gaillimhe
- Ionad an Acadaimh, Carna, Co. na Gaillimhe
- Ionad an Acadaimh, Gaoth Dobhair, Co. Dhún na nGall

#### Tuilleadh eolais le fáil ag:


Idirlíon: [www.acadamh.ie](http://www.acadamh.ie) Fón: + 353 91 492 428 R-phost: [caitrona.nichoirbhin@oegaillimh.ie](mailto:caitrona.nichoirbhin@oegaillimh.ie)



An Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe  
agus Gaeltachta  
Department of Community, Rural  
and Gaeltacht Affairs



Údarás  
na  
Gaeltachta



**Acaill Beag** - ceann de  
shaothair ealaíne **Chyrl Uí**  
**Fhlaithearta** don tionscnamh a  
bhfuil sé féin agus Lol Hardiman  
ag obair air le cúpla bliain.

Féach [www.theoileanproject.org](http://www.theoileanproject.org)

## Déardaoin

3 Bealtaine 2007

09.00 i.n. Seoladh Pléaráca 2007 in Óstán Árann - dá sheoladh ag Joe Connolly, iar-iománaí agus captaen fhoireann buacach na Gaillimhe 1981.

Fear an Tí: Máirtín Tom Sheáinín.  
Ceol: Paddy Quinn & Locho, Tom Joyce, Treasa Ní Mhiolláin & Clann Sonáí Choilm Learaí

Bronnadh Gradam na Féile 2007



**Joe Connolly**  
le Bidín Seoige as Rosmuc.  
Beidh Joe ag seoladh Féile Phléaráca na bliana seo.



**Sonáí Choilm Learaí**  
ag ceol Déardaoin ag 09.00 i.n.  
& Dé hAoine 09.30 i.n.  
in Óstán Árann

## Aoine

4 Bealtaine 2007

02.00 i.n. "Ealaín in Árainn 2007"  
dá sheoladh sa bhfoirgneamh ag an gCrois, Cill Rónáin.  
An chéad taispeántas ealaíne ag ealaíontóirí lánaimseartha Árann le chéile agus freisin:  
**Taispeántas le scoláirí Ghairmscoil Éinne**

05.00 i.n. "M'Oileán Féin"  
Cyril Ó Flatharta ag seoladh obair ealaíne na bpáistí bunscoile i Halla Chill Rónáin

05.30 i.n. **Dioscó** do ghasúir bunscoile i Halla Chill Rónáin eagraithe ag Club na nÓg

08.00 i.n. **Scuab 11**  
Máirtín Jamesie ag seoladh taispeántas ealaíne an ghrúpa *Scuab* i Tigh Joe Mac

09.30 i.n. **CEOL AR AN OILEÁN - Óstán Árann:** Sonáí Choilm Learaí & PJ  
*Ceol traidisiúnta & céilí*  
**Tigh Joe Mac:** Mary Shannon & a grúpa  
**Tigh Watty:** Noeleen Mc Donald  
**Tigh Fitz:** Na hAlbanaigh & Grúpa Chonamara - *ceol, amhránaíocht & damhsa*  
**American Bar:** Josie & Caitríona Ní Cheannabháin & PJ Ó hlarnáin



**Máirtín Jamesie**  
ag seoladh taispeántas ealaíne an ghrúpa *Scuab* ag 08.00 i.n. Dé hAoine

## Satharn

5 Bealtaine 2007

12-2.00 i.n. Ceardlann Caoladóireachta le **Vincent Mc Carron** i gColáiste Uí Dhíreáin. Glaoigh ar 099-61209.  
*Beidh ciseog agat ag dul abhaile!*

12-2.00 i.n. **Seisiún Drumadóireachta** stíl Djembai le **Iain Ó Leocháin** i gColáiste Uí Dhíreáin.  
*Fáilte roimh chách!*

2.00-4.00 i.n. **Seisiún Ceoil & Sean-nóis don Óige** le Mary Shannon, Treasa Ní Mhiolláin i gColáiste Uí Dhíreáin.  
*Fáilte roimh cheoltóirí a bhfuil fonn ceoil orthu leis an dream óg.*

04.30 i.n. **Tóraíocht Taisce** do pháistí agus a dtuismitheoirí - ag tosnú ag Oifig an Chomharchumainn, Cill Rónáin.

05.00 i.n. "Aistear Cheilteach"- CD nua **Dheirdre Ní Chinnéide** dá sheoladh ag an Ath. Liam Lawton in Óstán Árann.

**CEOL AR AN OILEÁN - Óstán Árann:**  
8-10.00 Na hlarnáin  
10.00 Na Moonlighters

09.30 i.n. **Tigh Chreig:** Peadar & Tom  
**Tigh Watty:** Noeleen Mc Donald  
**American Bar:** Josie & Caitríona Ní Cheannabháin & PJ Ó hlarnáin  
**Tigh Joe Mac:** Mary Shannon & a grúpa  
**Tigh Fitz:** Páidí Breathnach & Mick McGrath

10-1.00 i.n. Céilí i Halla Chill Rónáin

## Domhnach

6 Bealtaine 2007

12.00n. Ceardlann Damhsa ar an Sean-nós le **Patricia Ní Fhátharta**. Ionad: Coláiste Uí Dhíreáin  
(12.00 - 01.00 i.n.) - **DAOINE ÓGA**  
(01.00 - 02.00 i.n.) - **DAOINE FÁSTA**  
Táille: €3/€5

12.30 i.n. **Ceiliúradh ar Scribhneoirí an Oileáin** ag Garraí Cuimhneacháin Liam Ó Flaithearta.  
**Fionnghuala Ní Choncheanainn** i mbun na hócáide.  
(Bus ag fágáil Chill Rónáin ag 12.00)

01.00 i.n. **INIS MEÁIN: Halla Naomh Eoin**  
Ceolchoirm le ceoltóirí Leodhais, Oileáin Siar na hAlban.  
*Píobaireacht, amhráin & damhsa traidisiúnta na hAlban.*

1.30-3 i.n. Ceardlann **Drámaíochta don Óige** leis **Na Crosáin**  
Ionad: Halla Chill Rónáin.  
**Aoisghrúpa:** 12 - 15bl.  
Táille: €3.00  
*Ní ghlacfar ach an chéad 25 ainm.*  
Glaoigh ar - Oifig an Chomharchumainn:  
099-61354 nó 087-2856793

02.00 i.n. **Seisiún Ceoil in Áras Rónáin**

2-5.00 i.n. **Tigh Fitz** - Cillín ag ceol

04.00 i.n. **Trathnóna le Chekhov** dá léiriú ag **Na Crosáin**  
Amharclann Óige na Taibhdheirce  
Na Drámaí: **AN BÉAR, AN DRÁMA** agus **AN CHEIST**  
Ionad: Halla Chill Rónáin. Táille: €3/€5



**Fionnghuala Ní Choncheanainn**  
Ceiliúradh ar Scribhneoirí an Oileáin ag 12.30 i.n. Dé Domhnaigh

06.00 i.n. **Comórtas Damhsa ar an Sean-nós:**  
**Tigh Chreig**  
Fear an Tí: Colm Ó Méalóid  
Ceol: Sonáí Choilm Learaí  
**DUAISEANNA:-**  
1ú: €300 bronnta ag Tigh Chreig  
2ú: €200 bronnta ag Pléaráca  
3ú: €100 bronnta ag Pléaráca

**CEOL AR AN OILEÁN Óstán Árann:**  
8-10.00 Na Moonlighters  
10.00 Na hlarnáin  
09.30 i.n. **Tigh Joe Mac:** Na hAlbanaigh  
**Tigh Fitz:** Páidí Breathnach & Mick McGrath  
**Tigh Watty:** Derek Ó Sé & a chairde



**Máire Áine Ní Iarnáin**  
buaiteoir Chomórtas Damhsa ar an Sean-nós 2006 le Gearóid Ó Murchú ón gcoiste

## Luan

7 Bealtaine 2007

02.00 i.n. **Ag Fanacht Leis an mBád**  
Seisiún Tigh Joe Mac  
*Fáilte roimh chách chun - amhrán a chanadh, céipear damhsa a dhéanamh nó do rogha!!!*



**Treasa Ní Mhiolláin**  
Seisiún Ceoil & Sean-nóis don Óige ag 02.00 - 04.00 i.n. Dé Sathairn



**Na Crosáin**  
Amharclann Óige na Taibhdheirce ag 04.00 i.n. Dé Domhnaigh



**Seisiún Drumadóireachta stíl Djembai le Iain Ó Leocháin**  
i gColáiste Uí Dhíreáin ag 12.00 - 02.00 i.n. Dé Sathairn 5 Bealtaine 2007

# EALAÍN IN ÁRAINN 2007



**Taispeántas Ealaíne le Scoláirí Ghairmscoil Éinne**  
ag 02.00 i.n. Dé hAoine 4 Bealtaine  
**An chéad bhlain: Caroline, Pádraic, Colm, Conal, Brian & Peadar**



**Féileacán**  
**Ealaíontóir: Fionnuala Ní Iarnáin**

## Scuab 11

Beidh Máirtín Jamesie ag seoladh taispeántas ealaíne an ghrúpa Scuab i Tigh Joe Mac Dé hAoine ag 08.00 i.n.

Tá an grúpa Scuab ag obair le chéile anois le haon bliain déag. Seo é an t-aois taispeántas déag acu agus beidh sé dá sheoladh Tigh Joe Mac Dé hAoine ag 8.00. Máirtín Jamesie a bheidh ag seoladh an taispeántais seo agus tá súil go mbeidh slua maith ann idir na healaíontóirí, a muintir is a gcairde. Seo liosta den dream a mbeidh a gcuid ealaíne ar taispeántas.

Mary Seoighe, Francis Beatty, Mairéad Bn. Uí Dhíreáin, Julia Uí Fhlaithearta, Máire Bn. Uí Chonghaile, Mairéad Bn. Uí Chonghaile, Máire Ní Chuinn, Máire Áine Ní Mhaolchiaráin, Fionnghuala Bn. Uí Iarnáin, Cristína Bn. Uí Dhíoráin, Máire Bn. Uí Choistealbha, Agnes Bn. Uí Fhlaithearta, Dr. Marion Broderick, Ath. Ciaráin De Blaca, Padraic Ó Conghaile, Bairtíe Winne Ó hIarnáin, Mary Radcliff, Enda Bn. Uí Ghoill.

*Seo an chéad taispeántas le chéile ag an ngrúpa ealaíontóirí seo as Inis Mór. Níl dabht ar bith ach go gcothaíonn saol agus timpeallacht an oileáin cruthaíocht sa duine. Idir muintir an oileáin féin agus daoine a tháinig chun cur futhú ann, tá an t-oileán ar snámh le litríocht, ceol agus ealaín.*

**Beidh an taispeántas seo dá sheoladh sa bhfoirgneamh ag an gCrois i gCill Rónáin ag 2.00 Dé hAoine 4 Bealtaine.**



**CYRIL Ó FLAITHEARTA**

Is as Inis Mór, Árainn Cyril Ó Flaithearta. Seachas an bhliain ar chaith sé i gColáiste 'Ormonde' i gCill Chainnigh, d'fhoghlaim sé a cheird ón saol. Is scealaí é Cyril. Déanann sé iarracht stair na háite a chomhshnaidhmeadh ina chuid oibre. Oibríonn sé le h'oladhath agus sna sraitheanna beo dath a úsáideann sé, tá sé ag tabhairt omós do na sraitheanna glúnta atá imithe. Níl fágtha acu ina ndiaidh ach cruth iomaire i ngarraí le taobh seantí atá ag titim go talamh arís. Tá Cyril ag obair ar thionscnamh mór faoi láthair i bpáirt le ealaíontóir eile Lol Hardiman dár teideal 'The Oileán Project'.



**FIONNUALA NÍ IARNÁIN**

Is as Bearna ó thuas Fionnuala Ní Iarnáin ach tá conaí uirthi le naoi mbliana in Árainn. Is múinteoir ealaíne i sa ngairmscoil ar an oileán. Rinne sí staidéar ar an ealaín (péint agus criadóireacht) in Institiúid Theicneolaíochta na Gaillimhe/Maigheo agus i Luimneach.

Is é an dath an eilimint is tábhachtaigh in obair Fionnuala agus tá fórmhór de péinteáilte le huisce-dhath. Téann an nadúr i bhfeidhm ar a cuid oibre, óna radharcanna áilne atá ina timpeall go dtí na mionphoinntí ar sciathán feileacáin.



**JACKIE ROANTREE**

Is as Baile Áth Cliath Jackie ach tá conaí uirthi in Árainn le seacht mbliana déag. Oibríonn Jackie le dath acríleach go hiondúil agus cuireann sí críoch fuinneamhach leis an saothar le cráin ola. Tá clú agus cáil ar obair Roantree mar gheall ar a cuid línte níochána.



**MICHEÁL Ó CEALLAIGH**

Iar-mhúinteoir ealaíne i nGairmscoil Éinne é Micheál áit a bhfuil sé ina leas phríomh-oide anois. Bhunaigh sé Ealaíontóirí Árainn i 1994. Tá sé fós ag péintéail agus déanann sé cuid mhaith coimisiúin, ceann acu seo don Bhád Tarrthála.



**SEÁN Ó FLAITHEARTA**

Is i gCill Éinne, áit a bhfuil a stiúideo aige, atá cónaí ar an ealaíontóir Árainn Seán Ó Flaithearta. I measc na mórtaispeántas a bhí aige bhí *Deora Sáile* (2005), *Cosán Dearg* (2001), *Coiscéim na Trócaire* (1995), *Scadán Caoch* (1993), *Duán* (1991) agus *I nGéibheann* (1989). Is é an Flaitheartach a dhear na seónna ilmheán drámaíochta *'Eistigi, Caithfear Eisteacht!'* (Aisteoirí an Spidéil, Eanáir 2006), mar chuid den chomórach 100 bliain ó rugadh Máirtín Ó Cadhain, agus *'Omós do Johnny Chóil Mhaidhc'*

(Aisteoirí an Spidéil, Márta 2007). Bhí sé ina Stiúrthóir agus ina Dearthóir ar an dráma *'Mise, Subhó agus Maccó'* le Biddy Jenkinson (Aisteoirí an Spidéil 2002). I measc na ndrámái a ndearna sé dearadh seite dóibh bhí in *'Ainm an Athar'* (2006), agus *'Níor Mhaith Liom do Thrioblóid'* le Joe Steve Ó Neachtain a léirigh Taibhdhearc na Gaillimhe (2000 & 2003), *'Fear an Tae'* le Liam Ó Muirthile (Aisteoirí an Spidéil 2000) agus *'An Leigheas'* le Paul Brennan (Aisteoirí inis Oírr 2003).

**SEÁN ROANTREE**

Is as Sasana Seán ó thús ach tá conaí air in Árainn le seacht mbliana déag. Tá obair Sheáin bunaithe ar ábhar atá bailithe aige ón gcladach agus ansin cruthaíonn sé píosaí dealbhóireachta leo.

**NONIE O' NEILL**

Tá Nonie O'Neill ina conaí ar Inis Mór le trí bliana fichead. Rugadh i Quebec i agus rinne sí staidéar ar an ealaín i l'Ecole des Beaux Arts de Montreal. Is de bharr a cuid oibre le priontaí blocanna adhmaid i ndubh agus bán is mó atá aithne uirthi. Bhí taispeántais aici in Éirinn, i gCeanada agus i SAM.

Feliceann sí cosúlachtaí idir tírdhreach fheannta Inis Mór agus a cuid priontaí ina bhfuil srian i bhfeidhm chomh maith ó thaobh dath agus ábhar.

**Ealaíontóir: Nonie O'Neill**



# Trathnóna le Chekhov

## Na Crosáin - Amharclann Óige na Taibhdheirce

Beidh 3 dhráma de chuid Anton Chekhov á léiriú ag na Crosáin, Amharclann Óige na Taibhdheirce, faoi stiúir Mharc Mhic Lochlainn i Halla Chill Rónáin ar an Domhnach 6 Bealtaine ag 4.00 i.n.

Siad na haisteoirí agus na stiúrthóirí a d'aistrigh na drámaí go Gaeilge agus siad na baill iad féin atá á stiúradh.

Beidh an **AN BÉAR**, **AN DRÁMA** agus **AN CHEIST** á léiriú. Tugann sé seo deis thábhachtach do na haisteoirí óga dul i ngleic le scríbhneoir mór le rá ar nós Chekhov.

### AN BÉAR

Aistrithe ag Siobhán Nic Fhlannchadha agus Joe Hrehorow  
Stiúrthóir Joe Hrehorow

*Elena Popova* Siobhán Nic Fhlannchadha  
*Luka* Edel Ní Churraoin  
*Gregóir Smirnov* Marcus Mac Dhonnagáin

### AN DRÁMA

Aistrithe ag Mairead Ní Fhearghail agus Una Ní Fhlatharta  
Stiúrthóir Fíodhna Ní hOráin Ní Mhurchú


*Pavel Vasilivich* Mairead Ní Fhearghail  
*Luka* Róisín Ní Nualláin  
*Muiriskina* Úna Ní Fhlatharta

### AN CHEIST

Aistrithe ag Caríosa Nic Uistín  
Stiúrthóir Edel Ní Churraoin

*Chubacov* Joe Seoige  
*Ivan Valsilavic* Cian Ó Máirtín  
*Natalia* Caríosa Nic Uistín

**Stiúrthóir Ginearálta:** Marc Mac Lochlainn  
**Dearadh seite:** Marc Mac Lochlainn  
**Dearadh soilse:** Marcus Quinlan  
**Bainisteoir Stáitse:** Dónal O hÉalaí  
**Cultacha:** Marc Mac Lochlainn & Clíona de Brí



### Dé Domhnaigh 6 Bealtaine 2007

Ceardlann Drámaíochta don Óige  
le **Na Crosáin**  
Ionad: Halla Chill Rónáin.  
Aoisghrúpa: 12 - 15bl.

Táille: €3.00  
Ní ghlacfar ach an chéad 25 ainm.  
Glaigh ar -  
Oifig an Chomharchumainn:  
099-61354 nó 087-2856793

## Ceiliúradh ar Scríbhneoirí an Oileáin

Dé Domhnaigh 6 Bealtaine 2007 ag 12.30i.n.

Garraí Liam Ó Flaithearta - Gort na gCapall  
Á chur i láthair ag Fionnghuala Ní Choncheanainn

### Ceol le Tom, Deirdre agus Fiona

| AN SCRÍBHNEOIR     | SAOTHAR AN SCRÍBHNEORA | AN LÉITHEOIR                   |
|--------------------|------------------------|--------------------------------|
| Liam Ó Flaithearta | An t-Aonach (Dúil)     | Máirtín Éamoinn Ó Concheanainn |
| Tom Ó Flaithearta  | Aranmen All            | Bernie (Gregory) Ní Chonghaile |

### Ceol le Tom, Deirdre agus Fiona

|                    |                           |                             |
|--------------------|---------------------------|-----------------------------|
| Máirtín Ó Direáin  | Clochán na Carraige       | Treasa Ní Mhiolláin         |
| Breandán Ó hEithir | An Chaint sa tSráidbhaile | Dómhnaill Dan Ó Flaithearta |
| Pat Mullen         | Man of Aran               | Paul Mullen                 |

### Ceol le Tom, Deirdre agus Fiona

|                    |                       |                              |
|--------------------|-----------------------|------------------------------|
| Maitiú Ó Maoláin   |                       | Séamus Jaimsie Ó Flaithearta |
| Antoine Ó Briain   | Amhrán ar an Sean Nós | Joe Ó Briain                 |
| Éamonn Ó Tuathail  | Cloichín ar Charn     | Mairéad Uí Fhlaithearta      |
| Colm P. Ó hIarnáin | Gleann an Chuain      | Póilín Ní Iarnáin            |

### Amhrán: Dónal Óg ó Treasa Ní Mhiolláin

|                    |                                                 |                              |
|--------------------|-------------------------------------------------|------------------------------|
| Máire Uí Iarnáin   | Gráinnín Snaoise / Dán Sheámuis Uí Chonchubhair | Máire Uí Iarnáin             |
| Dónal Ó Flannagáin | Ó Thrá Anoir                                    | Deirdre Ní Chonghaile        |
| Liam Ó Flaithearta | Na Blátha Creaga                                | Fionnghuala Ní Choncheanainn |

### Ceol le Tom, Deirdre agus Fiona

**CEOLTÓIRÍ:** Tom Mhaidhle Seoighe, Deirdre Ní Chonghaile & Fiona Ní Fhlaithearta

**AMHRÁNAITHE:** Treasa Ní Mhiolláin, Joe Ó Briain, Deirdre Ní Chinnéide



Liam Ó Flaithearta & a iníon Pegeen

## Óna hOileáin Siar

**B**eidh cairde an Phléaráca as Oiléan Leodhais linn arís i mbliana. Tuige nach mbeadh is muid ag ceiliúradh na féile ar oileán. Tá na hAlbanaigh ag súil go mór seal a chaitheamh ar Inis Mór. De bhrí gur oileánaigh iad féin, beidh an-spéis acu feiceáil cén chaoi mar a mhaireann na hÁrannaigh. Sa ngrúpa a bheas ag teacht, tá Catriona Mairi Nic Choinnich, Donald Mac Choinnich, Alasdair "Tida" Caimbeul, Coinnich MacIlleathainn, Alasdair Iain Caimbeul, Seoras Caimbeul, Jayne Nic Leoid agus Murdo John Mac Choinnich. Tá "Tida" Caimbeul ag súil go mór lena chuairt go hInis Mór mar gur thug a athair cuairt ar an áit blianta ó shoin agus bhí go leor cur síos aige air. Is ceoltóirí, amhránaithe, damhsóirí agus filí den scoth iad seo agus is breá

leo a gcuid cuairteanna go hÉirinn, go háirithe chuig Gaeltacht Chonamara & Árann. Beidh an grúpa i láthair do oscailt na féile ins an Óstán ar an Déardaoin. Beidh siad féin ag ceol Tigh Fitz oíche Dé hAoine agus Tigh Joe Mac oíche Dé Domhnaigh. Beidh siad ag tabhairt cuairt ar Inis Meáin i lár an lae Dé Domhnaigh agus ceolchoirm acu ansin i Halla Eoin ag 1.00 i.n.

Colmcille atá ag déanamh maoiniú ar an gcuairt seo. Tá aitheantas ag dul don eagraíocht seo as ucht an tacaíocht atá tugtha acu thar na mblianta don nasc idir Pléaráca agus pobal Nis i Leodhais.

Tá Island Ferries ag déanamh urraíocht ar thaisteal farraige na nAlbanach.



Alasdair "Tida" Caimbeul



An grúpa as Albain a tháinig i gcomhair Féile 2006 - Griogair Labhruidh, Jayne McLeod, Mary Smyth & Alasdair Iain Caimbeul

## Deirdre Ní Chinnéide ar Aistear Ceilteach

**I**s amhránaí agus cumadóir cáiliúil i Deirdre Ní Chinnéide. Cloistear í go minic ar raidió agus ar an dteilifís ag casadh amhrán, idir Ghaeilge agus Bhéarla. Is minic í ag féilte ceoil in Éirinn agus thar lear ag féilte ar nós Féile Interceltique Lorient, Féilte Ceilteacha 2006 South Dakota agus Ohio SAM, Celtic Connections-Glasgow 2007 agus tá camchairt i Meiriceá réidh do Fhómhar 2007. Tá taithí fhairsing ag Deirdre ag obair i réimse na spioradáltachta ceiltigh agus aithnítear í mar dhuine de na hamhránaithe móra sa réimse seo. Tugadh cuireadh di casadh ós comhair na sluaite, HRH Dalai Lama san áireamh ag an World Peace Conference, Béal Feirste agus is minic a chloistear í ag ócáidí dá leithéid. Tá cónaí ar Dheirdre ar oileán aoibhinn Árann áit a bhfuil an spioradáltacht agus an mhiotasacht cheilteach le brath thart timpeall an duine gach lá. Roinneann Deirdre a scileanna ceoil le muintir na n-oileán idir óg agus aosta agus tá meas mhór uirthi dá bharr. Bhí sí páirteach in eagrúchán Féile Cheoil Lá 'l Pádraig ar na hoileáin i mbliana agus bhí Cór Ban agus Gasúr Inis Oírr faoina stiúir.

Tá áthas an domhain ar Dheirdre a dlúthdhiosca nua dár teideal "Aistear Ceilteach" a sheoladh ar Inis Mór le linn Féile Pléaráca Chonamara 2007. Is ar Árann a chuir Deirdre tús leis an togra seo cúpla bliain ó shin agus trí aistear a dhéanamh chuig na hoileáin thar na mblianta tá an ceol nuachumtha seo réidh le taisteal thar muir is thar tír. Tríd an aistear cheilteach seo glaonn sí ar ais muid go hÁrann ag fógaireacht teachtaireacht úr, fréamhaithe sa traidisiún, ach le brí domhanda.

Tá gasúir Scoil Chaomháin, Inis Oírr ag casadh léi ar an dlúthdhiosca agus tá páirt glactha acu ag canadh léi i bhféilte ceilteacha in Éirinn agus in Albain go dtí seo. Is mian le Deirdre go gcuirfear Aistear Ceilteach mar cheolchoirm ós comhair mhuintir na n-oileán níos deireanaí sa samhradh mar léiriú ómóis dóibh, don chultúr, don teanga agus slí mhaireachtála a chaomhnaíonn siad ó ghlúin go glúin.

Tosaíonn an t-aistear seo lenár linn féin: réadúlacht an tsaoil i 2007. Tá saibhreas agus ábharachas go mór i réim in Éirinn agus an Tiogar Ceilteach beo beathaíoch. Taobh leis seo, áfach, ta bearna



mór i saol an duine aonair. Tá muid scoilte ónár bhfréamhacha, ón gcuidreamh a bhí ag na glúnta a chuaigh romhainn leis an Spiorad Ceilteach. In "Aistear Ceilteach: A Celtic Passage", tógfar muid, trí mheán an cheoil go Talamh na Sí áit ina mbeidh muid in ann ath-theagmháil a dhéanamh leis an méid luachmhar atá caillte againn. Déanfar sinn a athfhréamhú, a athspreagadh agus a ath-neartú i dtreo na síochána atá inár gcroí, inár bpobal agus inár dtír féin. Sa saothar seo, tugtar ardán don Ghaeilge, don chultúr Gaelach, do thraidisiún ceoil na hÉireann agus dár n-oidhreacht cheilteach.



Comórtas Damhsa ar an Sean-nós 2006  
Ó chlér: Róisín Ní Mhainín, Máire Áine Ní Iarnáin & Patricia Ní Fhatharta

# Imeachtaí don Óige

## Dé hAoine 4 Bealtaine

- 02.00 i.n. "Ealaín in Árann 2007" sa bhfoirgneamh ag an gCrois, Cill Rónáin. Taispeántas ealaíne le scoláirí Ghairmscoil Éinne
- 05.00 i.n. "M'Oileán Féin" Cyril Ó Flatharta ag seoladh obair ealaíne na bpáistí bunscoile i Halla Chill Rónáin
- 05.30 i.n. **Dioscó** do ghasúir bunscoile i Halla Chill Rónáin eagraithe ag Club na nÓg

## Dé Sathairn 5 Bealtaine

- 02.00 i.n. **Seisiún Ceoil & Sean-nóis don Óige** le Mary Shannon, Treasa Ní Mhiolláin i gColáiste Uí Dhireáin. Fáilte roimh cheoltóirí a bhfuil fonn ceoil orthu leis an dream óg.
- 04.30 i.n. **Tóraíocht Taisce** do pháistí agus a dtuismitheoirí - ag tosú ag Oifig an Chomharchumainn, Cill Rónáin.

## Dé Domhnaigh 6 Bealtaine

- 12.00n. Ceardlann Damhsa ar an Sean-nós le Patricia Ní Fhatharta. Ionad: Coláiste Uí Dhireáin (12.00 - 1.00 i.n.) Daoine óga Táille: €3.00
- 01.30-03.00 Na Crosáin - Ceardlann Drámaíochta don Óige Ionad: Halla Chill Rónáin. Aoisghrúpa: 12-15bl. Táille: €3.00 Ní ghlacfar ach an chéad 25 ainm. Glaoigh ar - Oifig an Chomharchumainn: 099-61354 nó 087-2856793
- 04.00 i.n. **Trathnóna le Chekhov** dá léiriú ag Na Crosáin, Amharclann Óige na Taibhdheirce Na Drámaí: AN BÉAR, AN DRÁMA agus AN CHEIST Ionad: Halla Chill Rónáin. Táille: €3.00/€5.00



Na Crosáin

## Cogaslann Agatha Uí Mhistéil

### Pictiúir Pas & Ceadúnais Tiomána

## An Cheathrú Rua

Fón: 091-595154/595169

Faics: 091595154

## Cumas

*Ionad Fiontair,  
Ros Muc,  
Co. na Gaillimhe.  
Teil: 091/574353  
E-phost: cumas@eircom.net*

Tá Cumas ar cheann de 38 Páirtíochtaí sa tír atá ag cur i bhfeidhm an Chláir Fhorbartha Áitiúil d'Áireamh Shóisialta le airgeadú ón Roinn Gnóthaí, Pobail, Tuaithe & Gaeltachta.


Tá cuid mhaith Cláracha, le cabhair airgid & foirne, á reachtáil againn, a thugann tacaíocht do Phobail Chonamara & Árann tabhairt faoi an míbhuntáiste & easpa deiseanna dul chun cinn.

Bíonn fáilte i gconaí roimh teagmháil.



### Cló Iar-Chonnachta

Indreabhán, Co. na Gaillimhe  
Teil: 091 593307 Facs: 091 593362  
cic@iol.ie www.cic.ie



**'Mise an fear ceoil'**  
Séamus Ennis - Dialann Taistil 1942-1946  
Ríonach uí Ógáin (eag.)  
Clúdach Crua €45

Dialann taistil Shéamuis Ennis ón tréimhse a chaith sé ag bailiú amhrán agus ceoil i gContaetha na Gaillimhe, an Chláir, Mhaigh Eo, Dhún na nGall, Luimnigh agus an Chabháin do Choimisiún Béaloideas Éireann.

## Tigh Joe Mac's

Cill Rónáin, Inis Mór  
**Ceol, Craic & Bia**

Fón: 099-61248

## Seacrest B&B

Proprietors: Geraldine and Tomas Faherty

• 3 minutes from pier • All rooms en-suite

Fón: (099) 61292/(087) 6179911  
Cill Rónáin, Inis Mór, Oileáin Árann

# T. Ó Máille Teo

Ros Muc 091-574101

Grósaer, Crua-earraí,

Soláthraí Tógálaithe

Éadathóireacht



Gach rath ar  
obair Phléaráca don bhlian

Bank of Ireland

post

CALOR GAS

National  
LOTTERY

meachtaí na Féile

Mary Shannon, Joyce  
Redmond, Geraldine  
Clancy a bheidh ag ceol  
i dTigh Joe Mac Dé hAoine  
& Dé Sathairn ag 09.30 i.n.




Sonaí Choilm Learaí Ó Conghaile a bheas ag ceol  
in Óstán Árann oíche Dé hAoine 4 Bealtaine & Dé  
Sathairn 5 Bealtaine. Sé a bheas ag ceol do na  
damhsoirí ag an gComórtas Damhsa ar an Sean-nós  
i Tigh Chreig Dé Domhnaigh ag 6.00 i.n.

Iain Ó Leocháin ag  
foghlaim a cheird. Beidh  
ceardlann drumadóireachta  
aige i gColáiste Uí Dhireáin  
ar an Satharn 5 Bealtaine  
ón 12.00 - 2.00 i.n.



# Comhdháil Oileáin na hÉireann

Cuireann Majella Ní Chríocháin Bainisteoir le Comhdháil Oileáin na hÉireann síos ar chúlra agus ar chlár oibre na heagraíochta sin.



I 1976, nuair a bhí an saol ar na hoileáin i bhfad níos chrua ná mar atá anois, bhunaigh Cóilí Ó hIarnáin as Árann, Tarlach de Blácam as Inis Meáin agus Feargal Mac Amhlaoibh a bhí ina bhainisteoir ar Chomharchumann Inis Oírr ag an am Comhdháil na nOileán. An phríomhaidhm a bhí acu ná seirbhísí farantóireachta níos fearr a fháil do na hoileáin. Cuimhníonn Feargal Mac Amhlaoibh gur beag dul chun cinn a rinne siad an t-am sin, áfach, mar nach raibh aon tacaíocht stáit acu agus bhí orthu a bheith ag plé le gníomhaireachtaí éagsúla chun réiteach a fháil ar na fadhbanna rochtana - le CIÉ don bhád farantóireachta agus le hOifig na nOibreacha Poiblí don ché.

Ba é an t-aighneas i 1984 faoi chás mhuintir Thoraí ag aistriú chuig an mórthír a spreag Cóilí, Feargal, Chris O'Grady ó Chliara agus an tAth. Ó Pécín a bhí i dToraigh ag an am, chun a theacht le chéile agus plé a dhéanamh faoi bhunú eagraíochta ar a mbeadh ionadaíocht as na hoileáin áirithe ar fad atá amach ó chósta na hÉireann. Fuair siad cabhair ina gcuid oibre ó Aisling Nic an tSithigh a bhí fostaithe mar Phreasoifigeach leis an GFT (IDA) i mBaile Átha Cliath ag an am. Thug siad cuairt ar na hoileáin, ag spreagadh daoine chun eagraíocht ionadaíoch amháin a bhunú ar gach oileán agus as sin go n-ainmneofaí ionadaí ar chomhlacht uile-oileán.

## Eagraíocht Náisiúnta

I Meán Fómhair 1984, ag comhdháil stairiúil a bhí ag na hoileánaigh i gCléire, Co. Chorcaigh, bunaíodh Comhdháil na nOileán mar eagraíocht náisiúnta. Bhí ionadaithe i láthair ag an gcomhdháil as sé cinn déag de na hoileáin áirithe: Reachlainn, Toraigh, Inis Bó Finne (Dún na nGall), Árann Mhór, Inis Bigil, Cliara, Inis Toirc, Inis Bó Finne, Árann, Inis Meáin, Inis Oírr, Oileán Baoi, An tOileán Mór, Faoide, Inis Arcáin agus Cléire.

B'iad na cuspóirí ginearálta a bhí ag an gComhdháil ná fóram a chur ar fáil d'ionadaithe as comharchumainn na n-oileán nó óna cumainn fhorbartha mar aon



Feargal Mac Amhlaoibh agus Cóilí Ó hIarnáin ar Chliara

le forbairt shocheacnamaíoch a bhaint amach ar na hoileáin.

## Gan Seirbhísí Bunúsacha

Bhain formhór d'obair na Comhdhála sna 1980adaí le hardú feasachta a chothú sna meáin, i measc na bpolaiteoirí agus sa phobal i gcoitinne maidir leis an easnamh ainsealach de sheirbhísí bunúsacha a bhí ar na hoileánaigh - rochtain shábháilte,

inacmhainne agus iontaofa chuig agus amach ón mórthír, céanna sábháilte, fíoruisce glan, leictreachas, seirbhísí postais agus fóin. Fuair fear óg amháin ar Inis Toirc litir ag tairiscint job dó - ach bhí sé bliain rómhall. Tharla sin ag am a raibh an difhostaíocht go dona agus na deiceanna de mhílte daoine ag imeacht as an tír ar thóir oibre. I 1988, phléasc an píopa uisce a bhí ag tabhairt fíoruisce trasna an tsunda go hInis Bigil. B'éigean fíoruisce a iompar isteach i gcurach go ceann sé mhí ina dhiaidh sin agus níor réitíodh an fhadhb nó gur éirigh leis an gComhdháil ceist a ardú faoi sa Dáil. Bhí cruinniú amháin le

státsheirbhísigh ag ar dearnadh plé faoi ghnó nua a bhunú ar oileán. Cúis magaidh a bhí ann do na hoileánaigh go raibh na státsheirbhísigh ag éileamh go gcaithfí páirc do bhusanna a thógáil in aice láimhe mar bhunchoinníoll den mhaoiniú!

## Cairde na nOileánach

Ach bhí daoine ann a thug tacaíocht don Chomhdháil chomh maith i dtús ama: tá cuimhne ag Chris O'Grady ar an bhfear uasal sin, Seán MacBride, ag tabhairt tacaíochta d'iaratas go gcuirfí leictreachas ar fáil d'oileáin nach raibh sa Ghaeltacht. (Bhí an leictreachas ar oileáin na Gaeltachta faoin am sin). Tá cuimhne ag Feargal Mac Amhlaoibh ar FPE (MEP) as Albain, Winne Ewing, a thug eolas luachmhar faoin dtacaíocht a bhí le fáil ón Eoraip. Cuimhníonn sé freisin go raibh an-chabhair le fáil ó Tom O'Donnell a bhí ina FPE faoin am sin. Le linn cruinnithe a bhí ag Cathal Ó hEochaidh leis an gComhdháil sa Dáil i 1985 agus é ina cheannaire ar Fhianna Fáil, thug sé isteach a

chomhaireacht chúil ar fad ag an gcruinniú. De réir mar a bhí cúinsí éagsúla á n-ardú ag na hoileánaigh, dhírigh sé ar an aire cúil cuí a rá "That's your area of responsibility." Agus é ina Thaoiseach i 1987, bhunaigh Cathal Coiste Aireachta na nOileán ar a raibh Pádraig Flynn, Pat an Cope Ó Gallchóir, Máire Geoghegan Quinn agus Donncha Ó Gallchóir arbh as Acaill dó. Cé go bhfuil daoine ann a déarfadh gur beag a bhain an coiste sin amach, thug tacaíocht na n-airí rialtais breis cumhachta don Chomhdháil chun na státsheirbhísigh a ghríosadh i mbun gnímh.

## Foghlaim ó Mhúlna na Danmhairge

Sa bhliain 1990, thug Éamon Ó Neachtain, a bhí in a bhainisteoir comharchumainn ar Thoraigh ag an am, Sean Ó Drisceoil as Cléire, an laoch mór Pól Ó Foighil agus Paddy Henry as Inis Bigil cuairt ar an Danmhairg agus fuair siad eolas faoin mbealach ar éirigh le hoileáin na Danmhairge nithe a bhaint amach, ar nós a chinntiú go gcaithfí seiceáil a dhéanamh ar



Bád farantóireachta ó Chliara (Maigh Eo) le hoileánaigh as Árainn, Cléire (Corcaigh), Inis Arcáin (Corcaigh), Reachlainn (Aontroim) agus Inis Bó Fine (Gaillimh).

gach reachtaíocht agus polasaí nua de chuid an rialtais féachaint cén tionchar a bheadh acu ar na hoileánaigh. Thosaigh an Chomhdháil á heagrú féin ar mhúnla na Danmhairge agus aontaíodh bunreacht nua.

Faoi 1996, bhí aitheantas bainte amach ag an gComhdháil mar chuideachta LEADER do na hoileáin. Bhí talamh slán bainte amach faoi dheireadh. Bhí oifig ag an gComhdháil anois mar aon le hoibrithe ar phá agus airgead le dáileadh ar fhorbairt áitiúil. Faoi am ar tháinig Éamonn Ó Cuív in oifig mar Aire Stáit a raibh cúram na n-oileán air i 1997, bhí cuid mhaith den bhunbair déanta. D'aontódh formhór na n-oileánach, áfach, gur tháinig feabhas iontach ar chúrsaí le linn tréimhse an Aire Uí Chuív in oifig, ní amháin sna seirbhísí farantóireachta agus infrastuchtúir ach i gcúrsaí sláinte agus i seirbhísí poiblí eile chomh maith. De thoradh na ndéontas fiontraíochta atá faighte ó 2005 i leith, tá na hoileáin lasmuigh den Ghaeltacht ar

chomhcheim tacaíochta agus seirbhíse, geall leis, le hoileáin na Gaeltachta. Ó bunaíodh Rannóg na nOileán sa Roinn i 2002, tá saineolas agus tiomantas na státsheirbhíseach sinsearach ag oibriú i bpáirt linn freisin.

#### Na hOileánaigh sa 21ú Aois

I láthair na huairé tá 33 ball-oileán ag an gComhdháil, agus an daonra ar na hoileáin sin ag réimsiú ó dhuine amháin go dtí faoi 800. Tá beagnach 3,000 duine san iomlán ina gcónaí ar na hoileáin, titim shuntasach ón 4,320 nó mar sin a bhí ann sa bhliain 1971. Ach breathnaíonn sé nach bhfuil an daonra ag titim chomh sciobtha is a bhí nó nach bhfuil sé níos measa ná mar atá i gceantair eile iargúlta. Anois go bhfuil infrastuchtúir rochtana níos fearr ar na hoileáin agus seirbhísí taistil rialta ann d'oileánaigh, tá an Chomhdháil ag tabhairt faoi seirbhísí sláinte, oideachais srl. a fheabhsú. Seoladh beart polasaithe ag Cruinniú Cinn Bliana na Comhdhála in

Inis Meáin Mí Aibreán agus beifear ag plé na moltaí atá ann maidir le Talmhaíocht, Cúrsaí Mara, Tithíocht, Seirbhísí Eigeandála srl. leis na polaiteoirí agus iad ag cuardú vótaí don olltoghchán.

Caithfear deiseanna nua fostaíochta agus fiontair a chruthú d'oileánaigh freisin agus is ar mhaithe leis sin gur ghlac muid páirt i stiúradh feachtas nua maragaíochta do na hoileáin anuraidh, 'Oileáin na hÉireann.' Páirtneireacht a bhí ansin idir an Chomhdháil, Fáilte Ireland agus Gaelsaioire agus tá an feachtas maoinithe ag Fáilte Ireland agus an Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta. Tá bróisiúr álainn ildaithe agus suíomh idirlín tiomnaithe ([www.irelandislands.ie](http://www.irelandislands.ie)) mar chuid den fheachtas, chomh maith le turasanna d'iriseoirí ón iasacht chuig na hoileáin le go mbeifí in ann an scéal a scaipeadh san Eoraip agus i Meiriceá. Is cuid thábhachtach d'eacnamaíocht na n-oileán í an turasóireacht ach má táthar

chun postanna agus deiseanna tarraingteacha a chruthú d'oileánaigh óga, do mhná agus do chéimithe, ní mhór tacú le fiontraithe na n-oileán agus iarracht a dhéanamh eagrais stáit agus institiúidí tríú leibhéal a mhealladh le hionaid a lonnú ar na hoileáin nó le hobair riaracháin agus taighde a fhoinsiú ar na hoileáin. Tá tús curtha ag an gComhdháil leis an obair seo agus d'eagraigh muid cúrsaí d'fhiontraithe na n-oileán agus comhdháil faoi fhorbairt thairgí nua turasóireachta i gcomhar leis an GMIT níos túisce sa bhliain.

Faoi gClár Náisiúnta Forbartha Tuaithe (CNFT), an Scéim Sóisialta Tuaithe agus an Clár um Chuimsiú Sóisialta na Forbartha Áitiúil, a bhfuil súil againn iad a chur i bhfeidhm do na hoileáin, beifear in ann díriú go háitiúil ar thograí a bhaineann le Sláinte, Fiontar agus Fostaíocht, Cúram Leanaí, Oideachas agus Tithíocht ach go háirithe. Tá an Chomhdháil mar chuid de Ghréasán Oileáin Bheaga na hEorpa (ESIN) freisin agus ag cruinniú a bheidh sa Bhruiséil i Meitheamh, déanfaidh ESIN stocaireacht ar pholaiteoirí agus ar lucht déanta beartas faoi chúinsí a bhfuil baint acu i gcoiteann le hoileáin bheaga na hEorpa, go háirithe i reims na feirmeoireachta, na hiascaireachta agus iompair. Ar an dóigh sin, beidh na trí shraith d'obair na Comhdhála - forbairt ag an leibhéal áitiúil, náisiúnta agus Eorpach - ag leanúint dá dtacaíocht dá chéile agus iad ag soláthar buntáistí praiticiúla do mhuintir na n-oileán.

Tá cuid mhór bainte amach ag an gComhdháil ó na 1970adaí. Baineadh amach a lán de bharr fuinneamh, neart, tiomantas agus fíis na n-oileánach agus a gcairde. Ní ceart críoch a chur leis seo gan Cóilí Ó hIarnáin as Árainn a lua arís, an fear ar dhúirt Chris O'Grady faoi gur duine uasal den scoth a bhí ann agus fear a raibh ardmheas air go dtí leibhéal an rialtais féin. Trodaí a bhí ann i gcónaí agus cé go raibh sé ina ionadaí dá oileán dúchais féin, mheas sé i gcónaí gur cheart cothrom na féinne a bheith ag gach oileánach. Lá brónach, a dúirt O'Grady, a bhí sa lá ar cuireadh i gcré é ar Inis Mór. Murach an obair a rinne Cóilí agus daoine nach é le deich mbliana fíchead anuas, níl aon dabht ach go mbeadh cuid mhaith oileán eile tréigthe faoi am seo ar nós na Blascaoid.

**Siopa an Phobail**

Coill Rua  
Indreabhán  
Co. na Gaillimhe

Fón 091 593020  
Facs 091 593338

SuperValu Indreabhán

**Super Valu**  
Siopadóireacht mar is cóir

## Páraic Ó Conaola

### Conraitheoirí Tógála & Leictreachais

#### Tionscail - Baile - Gnó

Sreangadh & Athshreangadh  
Córais Alárm Tine Córais Cáblaí  
Soláthraí Oifigiúil Dexpan

Gairfean, Rosmuc, Co na Gaillimhe

Teil: 091-574142 Fón Póca: 087 2481233

Fax: 091-574104

Coiste Gairmoideachais Chontae na Gaillimhe

## IONAD OIDEACHAIS SHEACHTRAIGH

### Ceapach na gCapall

#### Suíomh:

Tá an t-ionad suite ar bhruach Loch Measca, le Loch Coirib ag síneadh ó dheas, Sléibhte Mhám Tuirc san lathar agus machairí aolchloch na Gaillimhe agus Foraoisí Stáit san oirthear. Tá Ceapach na gCapall suite i gceantar fíor álainn agus tá 15 acra tailte cóirithe mórtimpeall an ionaid chomh maith le 15 acra ar an oileán Rua, 300 méadar ó thanalacht Loch Measca.

#### Áiseanna:

Tá áit chodlata do suas le 100 duine ar fáil san ionad agus i dTeach Mór Cheapach na gCapall féin. Tá suanliosanna agus seomraí ar fáil, ag brath ar éileamh na ngrúpaí éagsúla. Tá áiseanna campála ar fáil sa deá láthair campála ar an suíomh. I measc na n-áiseanna eile tá seomra bia mór, seomra teilifíse, seomra le héadaí a thriomú, garraí mór do pháistí le cluichí a imirt, cúirt cispheile, deis cócaireachta faoin aer, suíomh tine champa.

#### Gníomhaíochtaí — Ar an suíomh

- Eachtraíocht faoin aer do ghrúpaí lae agus do ghrúpaí cónaithe
- Staidéar Dúlra: Geolaíocht, Tíreolaíocht agus Eiceolaíocht do mhic léinn iarbhunscoile agus triú leibhéal
- Cúrsa forbartha foirne
- Cúrsaí i mBainistiú ar Oideachas faoin aer
- Curachóireacht, dreapadóireacht, rianadóireacht, seolmharcaíocht toinne agus seoltóireacht
- Snámh agus campáil
- Cúrsaí i nGaeilge
- Campaí Samhraidh

#### Gníomhaíochtaí — fad siúil ón ionad

- Ailleadóireacht
- Dreapadóireacht
- Siúl sléibhe
- Coireoireacht

Tuillleadh eolais ar fáil ó

Patricia Walsh (bainisteoir)

Ionad Oideachais Sheachtraigh Cheapach na gCapall

An Fháirche, Co. na Gaillimhe

Uimhir Ghutháin: 094-9546483/9546416 Uimhir facs: 094-9546705

## Banc na hÉireann



## bain leas

Cibé riachtanas taisce nó infheistíochta atá agat, tá rémise leathan de roghain ag Banc na hÉireann duit

Le tuilleadh eolais a fháil, buail isteach chuig Banc na hÉireann, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, fón: (091) 524555.

Nó, dean teagmháil le Bank of Ireland 365 ag 1890 365 365 nó tug cuairt ar [www.bankofireland.ie](http://www.bankofireland.ie)

## as do chuid arigid

Bank of Ireland is regulated by the Financial Regulator.



## mfg teo



### Clár Náisiúnta Forbartha Tuaithe

Tacaíocht d'Fhorbairt Tuaithe

Gach Eolas Ó:

Deirdre Ní Churraidhín, Bainisteoir Réigiúnach, Meitheal Forbartha na Gaeltachta Teoranta

Páirc Ghnó Shailerna, Indreabhán, Co. na Gaillimhe.

Tell: (091) 593410

Facs: (091) 593728

Ríomhphost: [mfggaillimh@eircom.net](mailto:mfggaillimh@eircom.net)



## MIANAIGH GHLEANN GABHLA

Uachtar Ard, Co. na Gaillimhe.  
Teil: 091-552360

Seanmhianach Luaidhe  
agus Airgid ón 19ú haois

Turais eolais gach 20 nóiméad

## Óstán an Dóilín

An Cheathrú Rua  
Gach cineál ócaíde  
Ceol, ól & bia

**Club Oíche**  
ar oscailt ag an deireadh seachtaine

Séan Ó Loideáin  
Fón/Faics: 091 595169  
e-phost: [sean@tijosie.com](mailto:sean@tijosie.com)

[www.tijosie.com](http://www.tijosie.com)

## Máire Seoige

Ros Muc

Leaba agus Bricfeasta

Loistín

**091-574147**



  
**na Crosáin**  
amharclann Óige na Taibhdheirce

Cúrsa oiliúna atá sna Crosáin a thugann deis do dhaoine óga taithí a fháil ar na gnéithe éagsúla a bhaineann le saol na hamharclainne.

Is cúrsaí uair sa tseachtain ar feadh 30 seachtainí a bhíon i gceist. Déanann Na Crosáin freastal ar dhá aoisghrúpa Dordán (11-15bl) agus Ardán (15-20bl).

**Dráma le Dordán Chonamara, Stiúrthóir Beartla M. Ó Flatharta**  
agus

**Dráma le Dordán na Gaillimhe, Stiúrthóir Marc Mac Lochlainn**

## AN TAIBHDHEARC

Dé Sathairn 19 & Dé Domhnaigh 20 Bealtaine 2007 ag 8.00 i.n.



**TAIBHDHEARC na Gaillimhe**  
AMARCLANN náisiúnta na gaeilge

[eolas@antaibhdhearc.com](mailto:eolas@antaibhdhearc.com)

Eolas & Áirithintí 091-563600

[www.antaibhdhearc.com](http://www.antaibhdhearc.com)

**Tí Catherine**



Catherine Mulkerrin, Bed & Breakfast  
Cill Rónáin, ROOMS EN-SUITE  
Oileán Árann, Co. na Gaillimhe  
Fón: 099-61464

**Nóirín Uí Ghoill**  
Lóistín, Bed & Breakfast



ROOMS EN SUITE

Cill Rónáin, Fón: 099-61297  
Inis Mór, Fón Póca: 087-7452552  
Oileán Árann, E-phost: noirinuighoill@hotmail.com  
Co. na Gaillimhe

**Tigh Pheadair Mhóir**  
Banrach bán, Baile na hAbhann

**Beár**  
Go n-éirí go geal leis an bPléaráca

**Maitiú Ó Máille**  
Pláistéir

087 1215716  
091 786140



## Arramara Teo.

Cill Chiaráin,  
Conamara,  
Co na Gaillimhe



Fón  
095 33404/33417  
Facs  
095 33494  
e-phost: info2@arramara.ie  
[www.arramara.ie](http://www.arramara.ie)

**SOCOS teo**  
Troscán & Soláirtí Oifige

Indreabhán,  
Co. na Gaillimhe.  
Fón: 091 593301  
Facs: 091 593303



Cartaí Bainise

AON ÁBHAR ATÁ UAIT I gCÓIR NA hOIFIGE  
TÁ SÉ AGAINN



Tomás O'Hare & Associates  
Industrial-Manufacturing Consultant Engineers

- Feabhsú gnó & próiseais (Engineering & process improvement)
- Sláinte & sábháilteacht san áit oibre (Health & Safety)
- Iniúchóireacht Caighdeán & Innealtóireachta (Quality & Engineering Audits).
- Bog-earra ríomhaireachta (Software for ISO 9001, ISO 17025, SPC and process simulation)



Cill Bhriocáin,  
Rosmuc, Co. na Gaillimhe.  
[www.toh.ie](http://www.toh.ie)  
info@toh.ie



Orchard View, Cullentra,  
Longwood, Co. na Mí.  
Fón: 046-9555885  
Facs: 046-9555886

## EUROPUS

AN COMHLUCHT TEANGA

*Comhairleoireacht Teanga*

Aistriúcháin Fotheidealú  
Aistriúcháin Comhuaineach

EUROPUS TEO

1 Sr. na Mumhan  
Baile Phib  
Baile Átha Cliath 7

Teil: 01-830 4529  
Faics: 01 830 6611

An Cheathrú Rua  
Co. na Gaillimhe

Teil: 091-595359  
Faics: 091-595351

Ríomhphost (e-mail) [europus@indigo.ie](mailto:europus@indigo.ie)  
<http://indigo.ie/europus/>

Stiúrthóir: Áine Ní Chonghaile

*Abair ceart é - abair trí Europus é*

## Árd Éinne GUESTHOUSE



Inismór, Aran Islands,  
Co. Galway, Ireland.

Tel: +353 99 61126  
Fax: +353 99 61388

Email: [ardeinne@eircom.net](mailto:ardeinne@eircom.net)  
Web: [www.ardeinne.com](http://www.ardeinne.com)



Aran - It's a stress free experience

## Kilmurvey House (Guest House)



Cill Rónáin,  
Oileán Árann,  
Co. na Gaillimhe

**Fón: (099) 61218**

E-phost: kilmurveyhouse@eircom.net  
www.accommodationaranislands.com

Teach Aíochta ag bun Dún Aonghusa

## Buail isteach chuig siopa AN SPAILPÍN FÁNACH Ceardlann an Spidéil

T-Léinte  
Hoodies  
Leabhair  
Ceol  
Féiríní  
do pháistí

Ar oscailt  
chuile lá  
Fón: 091-553343



Hoodies "Buachaill Dána" & "Cailín Dána" €30  
**WWW.SPAILPIN.COM**



**Bean an Tigh: Therese Conroy**  
Scrib, Ros Muc, Conamara, Co na Gaillimhe.  
Teil: 091 574139 / 087 6360039;  
Ríomhphost: dunmanusbandb@hotmail.com

## Amharclann Chois Fharraige

Seanscoil Sailearna  
Indreabhán  
Co. na Gaillimhe

**Fón: 091-593017**  
**Facs: 091-593715**

Ríomhphost: cst@eircom.net

Go n-éirí an t-ádh le Féile Pléaráca 2007

## Comharchumann Forbartha Árann Teo.

Seirbhísí ar fáil:

Forbairt Pobail

Giomnáisiam

Ionad IT

Breosla Árann

Cúrsaí ar siúl

Seirbhísí Oifige

Cóipeáil

Clóscríobh

Priondál

Uaireanta Oifige

Luan - Déardaoin

9.00rn. - 5.00in.

Lón:

1.00in. - 2.00in.

Aoine

9.00rn. - 4.00in.

Cill Rónáin, Inis Mór, Árann,  
Cuan na Gaillimhe

Fón: 099 61354/61394 Facs: 099 61454

## Ciarán Ó Conaire (Tom)

Sáile Laoi,  
Ros Muc

Córais Teasa agus  
Pluiméireachta

Cur isteach  
agus Coiriú

**087 9077759**



# Clár Imeachtaí Phléaráca Teo.

## Clár Ealaíne don Óige

### Ceardlanna Drámaíochta

**RéaltÓga** - Féile drámaíochta 2 lá do na bunscoileanna

**Féile Leabhar Bricíní** - Deireadh seachtaine imeachtaí agus díolachán leabhar Ghaeilge do ghasúir agus do dhéagóirí.

**Beartla Broc** - Club Léitheoireachta do pháistí óga.

**Fuint Focal** - Deireadh Seachtaine Litríochta do Dhéagóirí.

**Ciorcal Scribhneoirí Óga** - Scribhneoireacht Chruthaíoch do Dhéagóirí

**Campaí Samhraidh 2007** - Campa cóicise 2 - 13 Iúil 2007. Aoisghrúpa 6-13 bliain. Imeachtaí: Ealaín, Aisteoireacht, Ceardaíocht, Ceol & Spóirt.

**Ó Ghlúin go Glúin** - Ceardlanna amhránaíochta ar an sean-nós i gcomhar le amhránaí ceonaitheach Ollscoil na hÉireann Gaillimh & i bpáirt leis an nGaelacadamh.



Beartla Broc



Campa Samhraidh 2006

## Clár do Dhaoine Fásta

**Ceardlanna Oíche agus Deireadh seachtaine do Fhir agus do Mhná** - Peintéireacht, Caoladóireacht, Fíodóireacht, Gloine Daite (Stained Glass) agus Potadóireacht.

**Taispeántais Ealaíne de shaothar na gceardlann**

**Féile Phléaráca Chonamara** - Féile bliantúil atá ar siúl ó 1993

**Seirbhís Taistil Shóisialta le tacaíocht ó Bealach**

**An CyberCaifé - An Caifé Cabach**

**Seirbhís Leabharlainne**

**Ionad Seirbhísí Teanga**

**Seirbhís Oifige agus Eolais don Phobal**



Ceardlann Gloine Daite

**Eolas: 091-574346 www.plearaca.ie**

Eagraithe le tacaíocht ó Chlár Forbartha Pobail na Roinne Gnóthaí Pobail, Tuaithe & Gaeltachta (CDP), Ealaín na Gaeltachta, Údarás na Gaeltachta, Comhairle Chontae na Gaillimhe, Coiste Gairmoideachais Chontae na Gaillimhe, An Chomhairle Ealaíon, Bealach, Cumas Teo., Colmcille, Bord na Leabhar Gaeilge, Foras na Gaeilge & FÁS.

Tá buíochas ag dul do na healaíontóirí, teagascóirí, ceardaithe, tiománaithe, múinteoirí, na scoileanna, na coistí áitiúla agus don phobal idir óg is aosta a ghlacann páirt agus a thugann tacaíocht i rith na bliana.

# Oireachtas na Samhna 2007

## NA COMORTAIS

Amhránaíocht ar an Sean-Nós  
Rince Aonair ar an Sean-Nós  
Lúibíní

Agallamh Beirte

Scéalaíocht

Dreas Cainte

Scoraíocht (Daoine Fásta)

Seó Ardáin (Daoine Óga)

Amhráin Nua-Chumtha

## SPRIODHÁTA IONTRÁLA

15 Meán Fómhair 2007

GACH EOLAS

OIFIG AN OIREACHTAIS, 6 Sraid Fhearchair, Gaile, An Clach 2, Éire  
Fón: + 353 1 475 38 57 Facs: + 353 1 475 87 67 Ríomhphost: oireachtas@oireachtas.ie

## CATHAIR NA MART

## CO. MHAIGH EO

31 Deireadh Fómhair - 4 Samhain 2007



Aifric

geantraí

Ros na Rún

SPÓRT TG4




# Súil Eile le 10 mbliana

TG4 celebrating ten years of entertainment



deich mbliana fáis



# Forbairt Pobal Teanga Cultúr

Ag obair ar son phobal na  
Gaeltachta agus na Gaeilge

Na Forbada  
**Co. na Gaillimhe**  
Teilt: (091) 503100  
Facs: (091) 503101

Baile Mhic Ire,  
Maigh Chromtha,  
**Co. Chorcaí**  
Teilt: (026) 45366  
Facs: (026) 45423

Páirc Ghnó Ghaoth Dobhair  
Doiri Beaga  
**Co. Dhún na nGall**  
Teilt: (074) 9560100  
Facs: (074) 9560101

Páirc Ghnó an Daingin  
An Daingean,  
**Co. Chiarraí**  
Teilt: (066) 9150100  
Facs: (066) 9150101

An Phríomh Shráid,  
Béal an Mhuirthead,  
**Co. Mhaigh Eo**  
Teilt: (097) 81418  
Facs: (097) 82179

e: [eolas@udaras.ie](mailto:eolas@udaras.ie)

w: [www.udaras.ie](http://www.udaras.ie)